

Measúnacht Deiridh ar:

An Clár um Chomhroinnt san Oideachas

de chuid an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn

2013




Ag obair i dtreo:

An Oideachais Chomhroinnte
Freagrachtaí Comhroinnte
Gníomhú Comhroinnte

Ag obair ar son:

Foghlaim níos fearr
Scoileanna níos fearr
Sochaí níos fearr



Contents

1.	Intreoir	1
2.	An Comhthéacs	8
3.	Modheolaíocht	15
4.	Na Torthaí	19
5.	Moltaí	35
6.	Conclíid	36
	Aguisíní	38



Sa tuarascáil seo, cuirfear síos ar chion den iomlán i bhfoirm céatadán, codán agus i dtéarmaí cainníochtúla níos ginearálta. Sa chás ina bhfuil téarmaí ginearálta in úsáid, is é seo a leanas an léirmhíniú atá orthu:

Beagnach gach (ceann)	- breis agus 90%
An chuid is mó	- 75%-90%
Tromlach	- 50%-74%
Mionlach suntasach	- 30%-49%
Mionlach	- 10%-29%
Fíorbheagán/líon beag	- níos lú ná 10%





Ní brionglóid atá sa tsíocháin bhuan agamsa, déagóir atá ag fás aníos i dTuaisceart Éireann. Is uaillmhian mhacánta, ionraic í. Creidim nach féidir an tsíocháin bhuansheasmhach a bhaint amach ach amháin má bhíonn meas ceart ag daoine ar a chéile..... Caithfidh glacadh leis na difríochtaí atá eadrainn má táimid le bogadh ar aghaidh. Sílim gur chóir díriú ar an aoisghrúpa s'agamsa. Is sinne a chaithfidh caidrimh úra a bhunú le daoine de chuid pobail dhifriúla. Tá constaicí le sárú. Más féidir linn an chlaontacht a dhíbirt d'aigne na ndaoine óga, tig linn sochaí a chruthú ina mbíonn daoine ag réiteach lena chéile..... Níl sé furasta an tsíocháin a bhaint amach. Tá obair mhór i gceist. Measaim go bhfuil sé furasta ag daoine áirithe suí siar agus greim a choinneáil ar an am atá caite. Má táimid leis an tsíocháin a fhíorú, áfach, caithfidh uile ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh anois díreach, san am i láthair.



Hannah Nelson, ag labhairt di agus Uachtarán na Stát Aontaithe ar cuairt ar Bhéal Feirste i mí an Mheithimh 2013.

1. Intreoir

- 1.1 Is eagrais idirnáisiúnta neamhspleách é an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (an Ciste) a bhunaigh rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine sa bhliain 1986. Is iad cuspóirí an Chiste: forbairt eacnamaíochta agus sóisialta a chur chun cinn; tacú le teagmháil, idirphlé agus athmhuintearas idir náisiúnaigh agus aontachtaigh ar fud na hÉireann; agus, tacaíocht a thabhairt do chláir agus do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu comhroinnt eispéiris oideachasúla daoine óga a éascú ar bhonn trasearnála.
- 1.2 Tá an Ciste ag obair le blianta fada anuas le bonn a chur faoi na hiarrachtaí síocháin agus athmhuintearas a bhaint amach i dTuaisceart Éireann, agus rinne sé infheistíocht ar fiú breis agus £21m í sa réimse seo sular bunaíodh an Clár um Chomhroinnt san Oideachais (CCO/SiEP). Tacaíonn CCO le cuspóirí straitéiseacha an Chiste trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail a thugann deis do dhaoine óga bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oideachais chomhroinnte agus, chomh maith leis sin, i soláthar múnlaí don dea-chleachtas inbhuanaithe a mbeidh cleachtais oideachais bunaithe orthu sa todhchaí. Tá soláthróirí an Chiste le moladh as a dtoilteanas na ceachtanna, eispéiris agus scileanna atá faighte acu thar na blianta agus an tsíocháin á déanamh in TÉ a chomhroinnt leo siúd atá ag iarraidh an

tsíocháin a bhunú i réigiúin eile agus, ar an dóigh sin, cur go dearfach leis an phobal idirnáisiúnta.

1.3 Thug an Ciste tacaíocht do 19 dtionscadal¹ mar chuid de CCO, arna mbainistiú ag foireann teagmhála sa Roinn Oideachais (RO), d'fhonn:

- an t-oideachas comhroinnte a chur chun cinn trí naisc a dhéanamh idir scoileanna atá ionadaíoch ar an dá phobal;
- cur le caidrimh phobail taobh istigh de scoileanna agus idir scoileanna;
- tacú leis an fhorochtain chultúrtha i measc daoine óga atá ionadaíoch ar na pobail/traidisiúin éagsúla; agus
- aghaidh a thabhairt ar na bearnaí straitéiseacha atá ann ó thaobh athmhuintearas a bhaint amach trí chur chuige trasphobail, trasteorann san earnáil oideachais agus in earnáil na seirbhísí gaolmhara.²

1.4 Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) measúnacht ar na 19 dtionscadal³ agus is í sin atá mar bhunús leis an tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, bhí COO i dteagmháil leis na trí thionscadal eile a bhí á maoiniú ag an Chiste. Rinne COO cigireachtaí agus chonaic sí gnéithe d'obair na dtionscadal seo. Tá sí sásta go bhfuil an obair acu ag teacht le torthaí na measúnachta seo. D'fhonn cur le nádúr forásach na hoibre, d'fhorbair COO táscairí cáilíochta mar threoir dá measúnacht féin ar an chlár agus chun cur le forbairt acmhainne ag na páirtithe éagsúla sna tionscadail. Spreag na cigirí na ceannairí tionscadail leis na táscairí cáilíochta a úsáid, a leasú agus a choigeartú ina bhféinmheasúnachtaí.

1 Chomh maith leis na 19 dtionscadal, fuair trí cinn eile maoiniú ón Chiste agus ba í foireann teagmhála an Chiste in RO a bhainistigh iad. Ba iad na trí thionscadal sin: an Clár Oideachas Comhroinnte, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Clár Oideachas Comhroinnte Iontaobhas Fhear Manach agus Tionscadal Imeachtha agus Saibhríthe an Bhunoideachais, Bord Oideachas agus Leabharlann an Oirthuaiscirt.

2 I mí na Samhna, 2012, chuir RO cáipeis le chéile faoi straitéis leis an chlár a chur i bhfeidhm. Ba é an cuspóir bearnaí straitéiseacha a aimsiú, mar aon le réimsí ina mbeadh tairbhe le baint as idirghabháil níos dírithe, chun aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha an Chiste a ghnóthú. Is iad seo a leanas a aimsíodh: an curaclam athbhreithnithe, tosaíochtaí na litearthachta agus na huimhearthachta san áireamh; an Creat Teidlíochta / Pobail Foghlama Ceantair; ceannairí scoile agus Boird Ghobharnóirí; foirne neamh-mhúinteoireachta/tacaíochta; Oideachas in Áiteanna eile seachas ar Scoil; Páistí atá faoi Chúram an Stáit nó Gaoil; Ciontóirí Óga; Scoileanna Sínte, agus comhairlí scoile.

3 Bhí tionscadal amháin ann nach raibh in ann a chuid oibre a chur i gcrích.

Thug COO aiseolas foirmiúil maidir le gach tionscadal ag céim eatramhach agus agus ag an deireadh fosta. Mar thoradh air sin, léirigh na tionscadail go ndearna siad dul chun cinn sa tréimhse sin idir an tuarascáil eatramhach agus an tuarascáil deiridh. Tá an tuarascáil áirithe seo bunaithe ar bhonn leathan, domhain fianaise a bailíodh sna scoileanna/eagrais ar thug COO cuairt orthu sa tréimhse 2010-13, sna cruinnithe agus san idirphlé – 374 acu – le foirne tionscadail agus scoile, le páistí agus le daoine óga, agus trí 142 breathnú díreach, ar a laghad, ar sheisiúin foghlama.

- 1.5 Cuireadh na tionscadail i bhfeidhm sna hearnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, luath-óige, bunscolaíocht, iar-bhunscolaíocht, oideachas speisialta, obair óige agus pobail, agus oideachas múinteoirí. Phléigh siad le forbairt an oideachais chomhroinnte i gcomhthéacsanna difriúla. Chuir na tionscadail le ceithre aidhm straitéiseacha, idirghaolmhara CCO, agus is minic a bhí níos mó ná ceann amháin de na haidhmeanna straitéiseacha i gceist le hobair na dtionscadal. Ar mhaithe le soiléire, áfach, i dTábla 1 tá sonraí gach tionscadal aonair agus na príomhthorthaí nasctha leis an aidhm is mó ar bhain siad léi. Tá sonraí gach tionscadal aonair agus na príomhthorthaí le fáil i dTábla 1 ar leathanaigh 4-5.



Tábla 1

Ba iad aithmeanna CCO:	Cén obair a bhí i gceist leis na 19 dtionscadal?*	Príomhthoradh an tionscadail
an t-oideachas comhroinnte a chur chun cinn trí naisc a dhéanamh idir scoileanna atá ionadaíoch ar an dá phobal;	D'oibrigh Tionscadal <i>Change Makers</i> le 10 scoil atá i gcomhpháirt lena chéile i gceantar Lios na gCearrbhach agus Bhéal Feirste le daoine óga a ullmhú le hathruithe dearfacha a thionscnamh taobh istigh de phobail scoile agus idir pobail scoile.	D'fhoghlaim daoine óga i ranganna comhroinnte an dóigh le dul i ngleic le hábhair dheacra, chonspóideacha trí éascú ardcháilíochta na foghlama. Baineadh úsáid mhaith as taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil araon ar ar bunaiodh pleanáil leanúnach na seisiún d'fhonn freastal níos fearr ar riachtanais na ndaoine óga.
	D'oibrigh Tionscadal <i>Creative Change</i> le 10 scoil atá i 5 chomhpháirtíocht oideachais comhroinnte i gceantar an Chósta Thuaidh. Bhí páistí, múinteoirí, cúntóirí ranga agus tuismitheoirí/cúramóirí páirteach ann. Cuireadh Forbairt Phearsanta agus Comhthuisicint (FPC) i láthair ar dhóigh chruthaitheach.	Bhí comhpháirtíocht éifeachtach i gceist anseo idir institiúid ardoideachais, scoileanna agus tuismitheoirí. An toradh a bhí air go ndeachaigh páistí óga as traidisiún dhifriúla i mbun foghlama le chéile trí sheachadadh cruthaitheach FPC. Mar gheall ar na socrúite páirtíochta bhí eispéiris ardcháilíochta foghlama ag múinteoirí, ag cúntóirí ranga, tuismitheoirí, cúramóirí agus páistí a chuidigh leo nádur casta an phróisis athmhuintearais a thuiscint agus mar is féidir bheith ar do shuaimhneas leis an éagsúlacht.
	D'oibrigh Tionscadal <i>Learning to Live Together</i> le 12 scoil i 6 chomhpháirtíocht ar fud cheantar BOL an Oirdheiscirt le cairdímh dhearfacha phobail a chur chun cinn trí úsáid modheolaíochtaí ón earnáil fhoirmiúil agus ón earnáil neamhfoirmiúil araon.	Chuir an fhoireann go dearfach leis an oideachas comhroinnte trí obair san eamáil neamhfoirmiúil. Bhí an úire le mothú sna cuir chuige teagaisc agus foghlama agus bhí na daoine óga spreagtha, go háirithe an mhuintir óga sin a bhí drogallach ar dtús. Léigh an tionscadal gur féidir leis an oideachas comhroinnte comhthuisicint ar an difríocht a éascú, agus go dtig leis tacú léi, ar dhóigh mheasúil, chomhoibríoch, idirspeách a théann chun sochair do na daltaí uile.
	D'oibrigh an Tionscadal Comhpháirtíochta, Cuimsithe, Athmhuintearais agus Saoránachta le 12 scoil i 6 chomhpháirtíocht oideachais comhroinnte i gceantar BOL an Oirthuaiscirt leis an chuimsiú agus athmhuintearas a chur chun cinn trí Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda agus tríd an stair.	Trí dheiseanna suntasacha comhfhoghlama curaclaim a fhorbairt, d'oibrigh na daltaí go maith lena chéile chun na críche céanna agus cuireadh chun tosaigh glacadh níos fearr le dearcadh agus tuairimí a chéile.
cur le cairdímh phobail taobh istigh de scoileanna agus idir scoileanna;	Dhírigh Tionscadal na gComhpháirtíochtaí Curaclaim Bunscoile ar 20 scoil a bhfuil taithí acu i gcairdímh phobail chun 10 gcomhpháirtíocht a chruthú ar fud cheantar BOL an Deiscirt d'fhonn gné na comhthuisceana de FPC a fhorbairt trí ranganna comhroinnte.	Phléigh na páistí agus an fhoireann le mórchéisteanna conspóideacha, iogaire ar dhóigh níos éifeachtúla trí na páistí a chur i mbun foghlama i ranganna comhroinnte agus na múinteoirí a chur i mbun oibre i gcomhpháirtíochtaí ar an churadram FPC. Ardú caighdeán na foghlama in FPC ag na páistí agus ag na scoileanna rannpháirteacha an toradh a bhí air sin.
	Trí Athshamhlú Seomraí Ranga: an Tionscadal um Oideachas san Ilchineálacht agus Cuimsiú do Mhúinteoirí, cuireadh oiliúint ar fáil do 134 múinteoir san oideachas comhroinnte, agus tríd an oideachas comhroinnte, chun plé le mórchéisteanna ilchineálacha, cuimsithe agus comhtháthaithe phobail sa seomra ranga agus ar fud na scoile ina hiomláine.	Tá comhoideachas múinteoirí thar a bheith tábhachtach ag gach céim le hathruithe a chur i bhfeidhm trí: tacaíocht éifeachtach, dúshlán a thabhairt agus peirspictíochtaí sa phobal maidir le suíomh na scolalochta a fhairstiú. Ba ghné thábhachtach de na clár seo i an deis a bheith ag múinteoirí obair i gcomhar le múinteoirí eile de chéimeanna difriúla oideachais chun feacht níos fearr a fháil ar an chontanaim oideachais ar a dtéann gach duine óg.
	D'oibrigh Aghaidh a Thabhairt ar ár Stair: Tionscadal Múnlaithe na Todhchaí le 178 múinteoir, 101 ábhar múinteora agus 855 dalta le comhstair an dá phríomhphobal in TÉ a fhiosrú agus iad ag plé le mórchéisteanna iogaire, conspóideacha. Rinneadh é seo trí eispéiris bhunathraitheacha foghlama mar iarracht le cur leis an athmhuintearas.	Is féidir le hoideachas éifeachtach ar an stair a bheith ina eispéreas a athraíonn ó bhun sinn agus tig leis cur go suntasach le próiseas an athmhuintearais. Is fhorhábachtach go mbíonn na scoileanna cuí ag gach múinteoir staire le plé le mórchéisteanna iogaire, conspóideacha sa seomra ranga agus go mbeadh eispéiris chomhroinnte ag an mhuintir óga lena bhfoghlaim a dhaingniú.
	D'oibrigh tionscadal Chur Chun Cinn an Athmhuintearais trí Churadram Comhroinnte le 24 bunscoil agus 16 iar-bhunscoil ar fud BOL an Iarthair le ranganna comhfhoghlama a fhorbairt trí FPC agus trí Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda.	Ar na gnéithe ba láidre bhí forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus soláthar áiseanna le tacú le gnéithe reachtúla an churadram FPC agus Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda. Bhí oiliúint na múinteoirí iontach tábhachtach lena muinín agus scoileanna a fhorbairt agus iad ag plé le mórchéisteanna iogaire, conspóideacha, go háirithe le daoine óga i seomraí ranga comhroinnte.
	Sa Tionscadal Seomraí Ranga a Chomhroinnt: An Foghlaim a Fheabhsú, cuireadh oiliúint ar 414 múinteoir a bhí ag obair i seomraí ranga comhroinnte ar fud na 29 ALC.	Téann an chuid is mó de na daoine óga i dtaitirí ar an foghlaim i ranganna comhroinnte ar dhóigh dhearfach. Sa chás a bhfuil ábhair inní ann, baineann siad le ceisteanna ineachtra i dtaca le hinscne, cúla socheacnamaíochta agus cineál scoile. Má táthar le héiteas atá cuimsitheach i gceart a bhunú, caithefear tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile, do mhúinteoirí agus d'fhoirme straitéisí fóirteanacha a fhorbairt le dul i ngleic leis na dúshláin seo.

* Much of the work of each project met more than one of the key aims of the SIEP. For the ease of reference the projects are sorted according to the aim they most fulfilled.

	D'oirbhrigh Tionscadal na Scoileanna Fáilteacha le 18 scoil i gceantar BOL an Deiscirt chun céimeanna forghníomhacha a ghlacadh le háiteanna níos fáiltí a dhéanamh díobh do gach duine óg, is cuma faoina reliigiún, cine nó creideamh, agus sa dóigh go mbeidh scoileanna in ann plé ar dhóigh níos éifeachtaí leis an phobal.	D'oirbhrigh Tionscadal na Scoileanna Fáilteacha le 18 scoil i gceantar BOL an Deiscirt chun céimeanna forghníomhacha a ghlacadh le háiteanna níos fáiltí a dhéanamh díobh do gach duine óg, is cuma faoina reliigiún, cine nó creideamh, agus sa dóigh go mbeidh scoileanna in ann plé ar dhóigh níos éifeachtaí leis an phobal.	D'oirbhrigh Tionscadal na Scoileanna Fáilteacha le 18 scoil i gceantar BOL an Deiscirt chun céimeanna forghníomhacha a ghlacadh le háiteanna níos fáiltí a dhéanamh díobh do gach duine óg, is cuma faoina reliigiún, cine nó creideamh, agus sa dóigh go mbeidh scoileanna in ann plé ar dhóigh níos éifeachtaí leis an phobal.
taoú leis an fhorochtain chultúrtha i measc daoine óga atá ionadaioch ar na pobail/traidisiúin éagsúla; agus	D'obair Tionscadal Comhghuaillíochta <i>Old Firm</i> Bhéal Feirste le 2,167 páiste agus duine óg leis an dea-chaidreamh a fhorbairt tríd an spórt i bpobail ar chomhéadain agus i bpobail deighilt ar fud mhórcheantar Bhéal Feirste.	D'obair Tionscadal Comhghuaillíochta <i>Old Firm</i> Bhéal Feirste le 2,167 páiste agus duine óg leis an dea-chaidreamh a fhorbairt tríd an spórt i bpobail ar chomhéadain agus i bpobail deighilt ar fud mhórcheantar Bhéal Feirste.	D'obair Tionscadal Comhghuaillíochta <i>Old Firm</i> Bhéal Feirste le 2,167 páiste agus duine óg leis an dea-chaidreamh a fhorbairt tríd an spórt i bpobail ar chomhéadain agus i bpobail deighilt ar fud mhórcheantar Bhéal Feirste.
	D'oirbhrigh Tionscadal Foghlama Cultúrtha agus Scileanna Sóisialta le 671 duine óg as cúirai éagsúla, áiteanna iargúlta agus suíomhanna sóisialta leochailteacha chun iad a thabhairt isteach i gclár chaidrimh phobail lena scileanna sóisialta a fhorbairt agus le roghanna malartacha dearfacha a chur ar fáil dóibh ar na cúinsí éagsúla fritshóisialta agus ar thionchair an fhéinchochair atá i réigiún an Iar-Thuaiscirt.	D'oirbhrigh Tionscadal Foghlama Cultúrtha agus Scileanna Sóisialta le 671 duine óg as cúirai éagsúla, áiteanna iargúlta agus suíomhanna sóisialta leochailteacha chun iad a thabhairt isteach i gclár chaidrimh phobail lena scileanna sóisialta a fhorbairt agus le roghanna malartacha dearfacha a chur ar fáil dóibh ar na cúinsí éagsúla fritshóisialta agus ar thionchair an fhéinchochair atá i réigiún an Iar-Thuaiscirt.	D'oirbhrigh Tionscadal Foghlama Cultúrtha agus Scileanna Sóisialta le 671 duine óg as cúirai éagsúla, áiteanna iargúlta agus suíomhanna sóisialta leochailteacha chun iad a thabhairt isteach i gclár chaidrimh phobail lena scileanna sóisialta a fhorbairt agus le roghanna malartacha dearfacha a chur ar fáil dóibh ar na cúinsí éagsúla fritshóisialta agus ar thionchair an fhéinchochair atá i réigiún an Iar-Thuaiscirt.
	D'oirbhrigh Guthanna Suntasacha: Tionscadal na gComhroghanna le 530 duine óg in 22 scoil lena scéal féin agus scéal daoine eile as cúirai éagsúla a fhiosrú i gcleachtaí comhfhoghla.	D'oirbhrigh Guthanna Suntasacha: Tionscadal na gComhroghanna le 530 duine óg in 22 scoil lena scéal féin agus scéal daoine eile as cúirai éagsúla a fhiosrú i gcleachtaí comhfhoghla.	D'oirbhrigh Guthanna Suntasacha: Tionscadal na gComhroghanna le 530 duine óg in 22 scoil lena scéal féin agus scéal daoine eile as cúirai éagsúla a fhiosrú i gcleachtaí comhfhoghla.
	D'oirbhrigh Tionscadal na Reel Frontiers le 533 dalta as 20 scoil le téamaí na deighilt agus na coimhlinte a fhiosrú tríd mheán an scannáin agus trí ghníomhaíochtaí bainteacha ceardlaine lena mbunscannáin féin a dhéanamh faoi shaincheisteanna conspóideacha a théann i bhfeidhm ar mhuintir Thuaisceart Éireann.	D'oirbhrigh Tionscadal na Reel Frontiers le 533 dalta as 20 scoil le téamaí na deighilt agus na coimhlinte a fhiosrú tríd mheán an scannáin agus trí ghníomhaíochtaí bainteacha ceardlaine lena mbunscannáin féin a dhéanamh faoi shaincheisteanna conspóideacha a théann i bhfeidhm ar mhuintir Thuaisceart Éireann.	D'oirbhrigh Tionscadal na Reel Frontiers le 533 dalta as 20 scoil le téamaí na deighilt agus na coimhlinte a fhiosrú tríd mheán an scannáin agus trí ghníomhaíochtaí bainteacha ceardlaine lena mbunscannáin féin a dhéanamh, is féidir le daltaí tuiscint níos fearr a fháil ar réimse saincheisteanna conspóideacha a théann i bhfeidhm ar mhuintir Thuaisceart Éireann.
	D'éascaigh Tionscadal Comhroinnt an Oideachais Le Chéile an fhoghlaim ag 7,348 duine óg i gclár athmhuintearais trí ollúint a cuireadh ar fáil do 336 oibrí óg deonach.	D'éascaigh Tionscadal Comhroinnt an Oideachais Le Chéile an fhoghlaim ag 7,348 duine óg i gclár athmhuintearais trí ollúint a cuireadh ar fáil do 336 oibrí óg deonach.	D'éascaigh Tionscadal Comhroinnt an Oideachais Le Chéile an fhoghlaim ag 7,348 duine óg i gclár athmhuintearais trí ollúint a cuireadh ar fáil do 336 oibrí óg deonach.
	D'oirbhrigh Tionscadal Le Chéile tríd an Chultúr i 38 scoil le daltaí den dá thraidisiún le tuiscint níos fearr ar an Ghaeilge agus ar an chultúr Ghaelach a chur chun cinn trí naisc a dhéanamh idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.	D'oirbhrigh Tionscadal Le Chéile tríd an Chultúr i 38 scoil le daltaí den dá thraidisiún le tuiscint níos fearr ar an Ghaeilge agus ar an chultúr Ghaelach a chur chun cinn trí naisc a dhéanamh idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.	D'oirbhrigh Tionscadal Le Chéile tríd an Chultúr i 38 scoil le daltaí den dá thraidisiún le tuiscint níos fearr ar an Ghaeilge agus ar an chultúr Ghaelach a chur chun cinn trí naisc a dhéanamh idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
aghaidh a thabhairt ar na bearnaí straitéiseacha atá ann ó thaobh athmhuintearas a bhaint amach trí chur chuige trasphobail, trastearann san earnáil oideachais agus in eamail na seirbhísí gaolmhara.	D'oirbhrigh an Tionscadal um Pobail Úra a Thógáil trí Thuismitheoireacht Dhearfach agus Athmhuintearas le 484 tuismitheoir agus ball foirne le clár tuismitheoireachta a úsáid mar fheithicil athmhuintearais.	D'oirbhrigh an Tionscadal um Pobail Úra a Thógáil trí Thuismitheoireacht Dhearfach agus Athmhuintearas le 484 tuismitheoir agus ball foirne le clár tuismitheoireachta a úsáid mar fheithicil athmhuintearais.	D'oirbhrigh an Tionscadal um Pobail Úra a Thógáil trí Thuismitheoireacht Dhearfach agus Athmhuintearas le 484 tuismitheoir agus ball foirne le clár tuismitheoireachta a úsáid mar fheithicil athmhuintearais.
	Tionscadal Lámh an Chairdis: D'oibrigh 22 scoil i gcuasaigh thrastearann, thrasphobail le saincheisteanna na féinlucht agus an chairdis, na héagsúlachta, an tseicteachais, agus na síochána agus an athmhuintearais a fhiosrú.	Tionscadal Lámh an Chairdis: D'oibrigh 22 scoil i gcuasaigh thrastearann, thrasphobail le saincheisteanna na féinlucht agus an chairdis, na héagsúlachta, an tseicteachais, agus na síochána agus an athmhuintearais a fhiosrú.	Tionscadal Lámh an Chairdis: D'oibrigh 22 scoil i gcuasaigh thrastearann, thrasphobail le saincheisteanna na féinlucht agus an chairdis, na héagsúlachta, an tseicteachais, agus na síochána agus an athmhuintearais a fhiosrú.
	D'oirbhrigh Tionscadal <i>Youth Works</i> le 288 duine óg nach raibh san oideachas, san fhóstaíocht ná faoi ollúint ag an am le cuidiú leo cáiliúcháil aitheanta a bhaint amach agus leis na scileanna agus leis an fhéinmheas atá de dhíth lena roghanna oiliúna agus infhostaitheachta sa todhchaí a fheabhsú.	D'oirbhrigh Tionscadal <i>Youth Works</i> le 288 duine óg nach raibh san oideachas, san fhóstaíocht ná faoi ollúint ag an am le cuidiú leo cáiliúcháil aitheanta a bhaint amach agus leis na scileanna agus leis an fhéinmheas atá de dhíth lena roghanna oiliúna agus infhostaitheachta sa todhchaí a fheabhsú.	D'oirbhrigh Tionscadal <i>Youth Works</i> le 288 duine óg nach raibh san oideachas, san fhóstaíocht ná faoi ollúint ag an am le cuidiú leo cáiliúcháil aitheanta a bhaint amach agus leis na scileanna agus leis an fhéinmheas atá de dhíth lena roghanna oiliúna agus infhostaitheachta sa todhchaí a fheabhsú.

- 1.6 Léirigh gach tionscadal na haidhmeanna straitéiseacha trí thacar cuspóirí níos sonraíthe, comhlántacha. Mar gheall ar na dearthaí agus léirmhínte éagsúla atá le fáil in TÉ maidir leis an rud is oideachas comhroinnte ann agus ar an easpa taighde substainteach le próisis mheasúnaithe a threorú, beart casta a bhí ann i ndáiríre na haidhmeanna agus cuspóirí seo a dhéanamh praiticiúil agus éifeachtach ó thaobh torthaí intomhaiste do dhaoine óga a léiriú.⁴ Le hobair na dtionscadal a fhorbairt, bhí fíis, fuinneamh, misneach agus buanseasmhacht de dhíth nuair a bhí rioscaí á nglacadh lena fháil amach cad é mar is féidir oideachas níos fearr a chur ar dhaoine óga agus dul i ngleic le ceisteanna deacra.
- 1.7 Dar le lucht na dtionscadal, bhí breis agus 46,500⁵ páiste, duine óg, ball foirne, tuismitheoir/cúramóir, seantuismitheoir, gobharnóir, oibrí óige agus oibrí pobail, mar aon le daoine eile a bhíonn ag plé leis an oideachas in TÉ, páirteach go díreach nó go hindíreach in CCO sa tréimhse 2010-13. Tá a n-eispéiris siúd i ndiaidh a chur ar chumas COO a aithint cad é mar is féidir leis an oideachas comhroinnte a bheith ina uirlis le foghlaim níos fearr a chur chun cinn agus sinn ag obair i gcomhar lena chéile i dtreo todhchaí níos fearr. Mar gheall ar an mhaoiniú shuntasach a thug an Ciste don CCO, bhí siad siúd a bhí páirteach sna tionscadail in ann plé le ceisteanna athmhuintearais, ilchineálachta, caidrimh phobail, measa agus iontaobhíe trí fhís an oideachas chomhroinnte a fhíorú.

4 Léirigh Donnelly, C. agus Gallagher, A. M. (2008) in 'Comhoibriú Scoileanna i dTuaisceart Éireann: Deiseanna don Athmhuintearas', Scoil an Oideachais, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, réimse ceisteanna sainiúla a d'ardaigh na rannpháirtithe maidir leis na dúshláin a bhaineann le dul i mbun comhoibriú trasearnála.

Agus é seo á scríobh, tá scrúdú fadaimseartha idir lámha ag an Ollamh Joanne Hughes, ag an Dr Caitlin Donnelly agus ag an Ollamh Miles Hewstone ar Theagmháil Idirghrúpa in TÉ. De réir na dtorthaí luatha, bíonn níos mó tuairiscí ar chairde a bheith ag daoine ón phobal eile nuair a mhéadaítear na deiseanna teagmhála; nuair a mhéadaíonn cion na gcairde ón ghrúpa eile, méadaíonn an dearcadh dearfach i leith an ghrúpa eile dá réir agus is lú an imní a bhíonn ar dhaoine roimh an ghrúpa eile i dtaca lena gcairdeas le daoine den eisghrúpa. Tuarascáil ar Chomhdháil an Fhóram Foghlama um Oideachas Comhroinnte 2012 p10.

In 'Deascanna a bhogadh thart nó gnóthachtáil oideachasúil a fheabhsú? Pleanáil ceantair i dTuaisceart Éireann', Ollscoil Uladh, léiríonn V. Boorah agus C. Knox (2013) cur chuige ina gcuirtear cáilíocht na gnóthachtála oideachasúla sna scoileanna sin a bhíonn i mbun comhoibriú trasphobail i gcomparáid leo siúd a bhíonn ag feidhmiú mar aonaid scoite.

5 Tá an figiúr seo bunaithe ar na tuarascálacha ar dhul chun cinn an tionscadail a cuireadh isteach chuig foireann teagmhála an Chiste in RO faoi mhí Lúnasa 2013. Tiocfaidh deireadh leis an chlár i mí na Nollag 2013, agus gach seans gur airde a bheidh an figiúr deiridh.

- 1.8 Luaitear sa tuarascáil na ceachtanna is féidir a fhoghlaim ón taithí a fuarthas sna tionscadail agus iad i mbun píolótú ar an dóigh is fearr ar féidir cuidiú le daoine óga den dá phríomhphobal agus de chúlráí eile a n-uathúlacht a fhiosrú, an ilchineálacht a aithint agus meas a bheith acu uirthi le go mbeidh siad in ann feidhmiú níos fearr sa saol agus san obair le féinmhuinín, féinmheas agus meas níos mó acu ar dhaoine eile. Tá moltaí ag deireadh na tuarascála faoi choinne machnamh a dhéanamh orthu ag leibhéal beartais agus ag leibhéal scoile/eagrais. Obair eatramhach atá ann agus tugtar dúshlán gach duine a bheith níos fearr i mbun an oideachais chomhroinnte trí fhreagrachtaí comhroinnte agus comhghníomhartha.



2. An comhthéacs

2.1 An comhthéacs staire

- 2.1.1 Agus CCO á fhorbairt, d'aithin an Ciste go raibh 92.6% den daonra scoile ag fáil a gcuid oideachais i scoil Chaitliceach faoi chothabáil, nó i scoil rialaithe nó scoil dheonach inar Protastúnaigh an chuid is mó na daltaí. Ba í aidhm CCO na constaicí de dheasca na coimhlinte tríd an stair in TÉ a bhriseadh anuas trí réimse deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga dul i mbun foghlama le chéile agus an caighdeán is airde agus is féidir a bhaint amach ó thaobh gnóthachtáil oideachasúil. Níor chóir smaoineamh ar an oideachas comhroinnte mar thionscnamh úr eile, agus ní coincheap úr atá ann.⁶ D'fhéach CCO le cur leis na ceachtanna a foghlamíodh thar na blianta fada ó thaobh forbairt caidrimh phobail in TÉ. Tá sonraí ar na príomhfhorbairtí sa phróiseas seo le fáil san amlíne in Aguisín 1.

2.2 An comhthéacs beartais



Ní aguisín ná rogha bhreise atá san oideachas comhroinnte. Tá sé riachtanach le scoileanna maithe a chur ar fáil, agus tá sé lárnach san fhís agam gur chóir go mbainfeadh gach foghlaimeoir a lán-acmhainneacht amach.

An tAire Oideachais, Deireadh Fómhair 2013



- 2.2.1 Tagann forbairt an oideachais chomhroinnte go maith leis an ról atá ag RO le folláine phearsanta agus forbairt shóisialta a chur chun cinn sa dóigh go bhfaigheann daoine óga an t-eolas, na scileanna agus an t-eispéireas cuí lena lán-acmhainneacht mar dhaoine aonair fiúntacha agus saoránaigh ghníomhacha a bhaint amach, faoi mar a shamhlaítear i mbeartas RO maidir le Caidrimh Phobail, Comhionannas agus Ilchineálacht san Oideachas (CRED). Áirítear le spriocanna Chlár Rialtais 2011-15⁷ do RO i leith an oideachais chomhroinnte: a chinntiú go mbíonn an deis ag gach

6 Téann na pleananna faoi choinne na comhroinnte san oideachas chomh fada siar leis an bhliain 1831 nuair a cuireadh dualgas ar an Bhord Oideachais Náisiúnta modhscoil a bhunú i mBaile Átha Cliath "le hoideachas na bProtastúnach agus na gCaitliceach gan srian i gcomhscoileanna a chur chun cinn." Sa bhliain 1923, moladh córas neamh-shainchreidmheach oideachais tríd an Acht Oideachais, agus i 1974 chuir an tAire Oideachais plean chun tosaigh i dtaca le 'scoileanna comhroinnte'.

7 Clár Rialtais 2011-2015 Todhchaí Níos Fearr a Thógáil (Feidhmeannas TÉ, 2012).

páiste bheith rannpháirteach i gcláir oideachas comhroinnte faoi 2015; agus líon na scoileanna atá ag comhroinnt áiseanna a mhéadú go suntasach faoi 2015. Chomh maith leis sin, tá nasc láidir idir an obair a dhéantar tríd an oideachas comhroinnte, de réir fhianaise CCO, agus na ceithre bhunphrionsabal i mbeartas RO maidir le feabhsú scoileanna, Gach Scoil ina Scoil Mhaith: soláthar páistelárnach a chur chun cinn, foghlaim agus teagasc ardcháilíochta a chur chun cinn, ceannasaíocht éifeachtach, agus scoileanna a bheith ceangailte leis an phobal áitiúil (féach léaráid 2 in Aguisín 3).

- 2.2.2 I bhfianaise na bhforbairtí seo, cheap an tAire Oideachais Grúpa Comhairleach a d’eisigh tuarascáil neamhspleách i mí an Mhárta 2013. Bhí 20 moladh ann a bhain le cur ar aghaidh an oideachais chomhroinnte. Thug an tAire Oideachais freagairt maidir leis na moltaí i ráiteas do Thionól TÉ i mí Dheireadh Fómhair 2013 inar chuir sé béim ar an tábhacht a bhaineann leis an oideachas comhroinnte.

2.3 Comhthéacs an Churaclaim


Is é ceann de na hathruithe is suntasaí i sochaí Thuaisceart Éireann le deireanas an t-aistriú ón fhoréigean i dtreo cultúir a thacaíonn leis an pholaitíocht dhaonlathach. Tá freagrachtaí ina leith seo ag baint leis an oideachas. Tá tiomantas déanta cheana féin caidrimh phobail a fheabhsú tríd an Oideachas don Chomhthuiscint (EMU) a chuireann chun cinn, in éineacht leis an Oidhreacht Chultúrtha, comhthuiscint agus teagmháil idirchultúrtha. De réir taighde atá déanta go háitiúil, áfach, tá claonadh ann sna scoileanna ceisteanna polaitíochta agus sóisialta a sheachaint, agus is gá feachtas shóisialta, shibhialta agus pholaitíochta daoine óga a láidriú.

An Chomhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe, 2007

- 2.3.1 Soláthraíonn an curaclam reachtúil croíchreat cumasaithe leis an oideachas comhroinnte a chur chun cinn. Rinneadh athbhreithniú ar Churaclam Thuaisceart Éireann i 2007. An aidhm a bhí ann daoine óga a chumasú lena n-acmhainneacht a fhorbairt agus cinntí eolasacha, freagracha a dhéanamh i rith a saoil de réir trí phríomhchuspóir: forbairt an duine óig mar dhuine aonair, mar dhuine a chuireann leis an tsochaí, agus mar dhuine a chuireann leis an gheilleagar agus leis an timpeallacht. Tá na príomhghnéithe a dhíríonn ar na mórcheisteanna réadúla, ábhartha a gcaithfidh daoine óga luí isteach orthu agus iad ag ullmhú don saol

agus don obair i sochaí TÉ neadaithe sna réimsí aonair foghlama (sna hábhair). Tá na príomhghnéithe seo liostaithe i bhFigiúr 1⁸ agus iad nasctha leis na cuspóirí curaclaim a mbaineann siad leo agus leis an mheon agus leis na dearcthaí a chuireann siad chun tosaigh. Aithint gur sochaí í TÉ atá ag teacht aniar as tréimhse choimhlinte, tá sé fite fuaite i gCuraclam TÉ.

Figiúr 1



2.3.2 Is modhanna tábhachtacha iad Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (FPC) agus Foghlaim don Saol agus don Obair (FSO) ar féidir an t-oideachas comhroinnte a neadú iontu. Forbraíodh go speisialta iad lena chur ar chumas daoine óga sna heochairchéimeanna éagsúla foghlaim fúthu féin agus faoi dhaoine eile, éirí fulangach, measúil agus oscailte ina n-aigne trí na cosúlachtaí idir daoine sa phobal áitiúil agus níos faide i gcéin a thuiscint agus meas a léiriú ar na difríochtaí eatarthu d'fhonn cuidiú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bheidh rompu sa tsochaí. Chomh maith leis sin, soláthraíonn na hábhair uile deiseanna

8 Tá ocht gcumas don fhoghlaim ar feadh an tsaoil sonraithe sa Chreat Tagartha Eorpach do na Príomhchumais don Foghlaim ar feadh an tsaoil, don Oideachas agus don Oiliúint, Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach, 2007. Is iad na cumais atá i gceist: cumarsáid sa mháthairtheanga, cumarsáid i dteangacha iasachta, cumas matamaiticiúil agus cumais bhunúsacha san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, cumas digiteach, an fhoghlaim a fhoghlaim, cumais shóisialta agus shibhialta, braistint tionscnaíochta agus fiontraíochta, agus feasacht chultúrtha agus cur in iúl. Tá Curaclam TÉ ag teacht leis na cumais sin.

do thuismitheoirí cláir foghlama a dhearadh a fhiosraíonn féiniúlacht agus an ilchineálacht, a chuireann an t-athmhuintearas chun cinn, agus a chuidíonn le daltaí an meon agus na dearchthaí atá luaite i bhFigiúr 1 a fhorbairt. Is iad na hábhair is fearr inar féidir an méid sin a dhéanamh ná oideachas reiligiúnach, stair, tíreolaíocht, Béarla, teangacha, drámaíocht, agus ealaín agus dearadh. Tríd an mheasúnacht seo, fuarthas fianaise gur féidir aidhmeanna Churaclam TÉ a bhaint amach ar dhóigh níos iomlánaíche trí ghníomhaíochtaí oideachas comhroinnte trí dhaoine óga a ullmhú níos fearr don saol agus don obair in áit mar TÉ atá idirspleách agus sa saol domhandaithe.

- 2.3.3 Soláthraíonn an t-oideachas comhroinnte eispéiris agus comhthéacsanna praiticiúla do dhaoine óga inar féidir leo a scileanna smaointeoireachta agus a n-ábaltachtaí pearsanta a fhorbairt níos fearr, scileanna atá de dhíth don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Mar shampla, nuair a bhaintear úsáid as an smaointeoireacht chriticiúil i ranganna comhroinnte: is lú an claonadh a bhíonn ag daoine óga breithiúnas a thabhairt ar dhaoine eile agus cuidíonn sé leo a n-aighe a oscailt agus is fearr a bhíonn siad in ann tuairimí eile a imscrúdú agus dearchthaí eile a shamhlú. Forbraítear féinmhuinín agus féinmheas daoine óga trí smaointeoireacht neamhspleách agus feachtas phearsanta trí dhul i ngleic le dearchthaí difriúla, rud a chosnaíonn iad ar an dogmatachas agus ar an phiarbhrú. Forbraítear scileanna idirphearsanta trí ranganna comhroinnte a chuireann ar chumas daoine óga éisteacht d'fhonn a bhfoclaíocht agus a n-iompraíocht a leasú chun an dóigh a bhfuil daoine eile ag mothú a thabhairt san áireamh. Bíonn siad in ann an cumas a fhorbairt fosta obair le chéile, easaontas a bhainistiú agus torthaí comhaontaithe a chruthú. Léiríonn an tábla i bhFigiúr 2 an dóigh ar ailínigh COO na táscairí cáilíochta d'fhonn an méid a ghnóthaíonn daoine óga as an oideachas éifeachtach comhroinnte a mheasúnú sa dóigh go dtacaítear le forbairt scileanna agus cumais smaointeoireachta i gCuraclam TÉ.

Figióir 2

Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta (ó Churaclam TÉ)	Gnóthachtáil agus Caighdeáin de réir Tháscairí Cáilíochta COO
• Faisnéis a Bhainistiú • Smaointeoireacht, réiteach fadhbanna, déanamh cinntí • A Bheith Cruthaitheach • Ag Obair le Daoine Eile • Féinbhainistiú	<i>Méasúnaigh a oiread a dhéanann na daoine óga an méid seo a leanas:</i> • léiríonn siad tuiscint shoiléir ar an réasúnaíocht atá leis an tionscadal agus is féidir leo an méid atá foghlamtha acu a chur in iúl ar dhóigh atá ag teacht lena n-aois agus lena n-ábaltacht; • léiríonn siad tuiscint ar na cúiseanna atá le deighiltí, míthuiscint, claontacht agus seicteachas; • léiríonn siad suim mhór agus aigne oscailte, éistean siad go gníomhach, bíonn siad cothrom agus léiríonn siad meas ar thuairimí daoine eile; • bíonn siad ag plé le daoine eile agus freagraínn siad go ionraic do thuairimí agus do mhothúcháin daoine eile; • cuireann siad in iúl an fhís atá acu maidir le pobal/sochaí chóir, chothrom, idirspiléach, ilchineálach; • léiríonn siad a bhféinfheasacht trína dtuairimí féin a chur in iúl go soiléir, socair agus trí sheasamh leo; • bainistíonn siad a n-iompraíocht i réimse suíomhanna nua; • bíonn siad ionbháúil agus tugann siad aird ar ghoilliúint, cailliúint agus peirspictíochtaí daoine eile; • bíonn siad ag plé go toilteanach le daoine eile agus bíonn siad go maith i mbun comhoibriú i ngníomhaíochtaí grúpaí; • léiríonn siad scileanna éifeachtacha obair ghrúpa agus iad ag obair i ngrúpaí nua agus nuair a bhíonn siad ag plé le ceisteanna íogaire, conspóideacha; • léiríonn siad tuiscint agus cásmhaireacht i dtaca le cearta, tuairimí agus mothúcháin daoine eile agus léiríonn siad aibíocht agus iad ag plé le coimhlint agus le haighneas; • léiríonn siad go bhfuil siad ábalta an méid atá foghlamtha acu sa tionscadal a chur i bhfeidhm i suíomhanna nua, difriúla; • forbraíonn siad tuiscint chriticiúil ar shaincheisteanna sa phobal áitiúil agus ar an éifeacht agus ar an tionchar a bheadh acu ar an athrú d'fhonn athmhuintearas agus comhtháthú an phobail a chur chun cinn.

2.4 Coincheap an oideachais chomhroinnte

- 2.4.1 Sa mheasúnacht seo, aithnítear go bhfuil sainmhínithe, tuairimí agus túsphointí éagsúla ag na páirtithe leasmhara uile a bhíonn ag soláthar gnéithe den oideachas comhroinnte sa tsochaí againn.⁹ Níl i gceist sainmhíniú ar bith eile a thabhairt ná a mholadh go bhfuil aon sainmhíniú ar leith leordhóthanach. Déarfaimid an méid seo áfach – bíonn comhghéilleadh i gcónaí i gceist leis an chomhroinnt. Ní bhíonn an comhghéilleadh i gcónaí cothrom ag an dá pháirtí – ní féidir leis bheith – ach tá prionsabal soiléir treorach luaite i ráiteas físe Gach Scoil ina Scoil Mhaith, mar atá, tús áite a bheith ag leas na ndaoine óga, seachas ag na hinstiúidí sna hiarrachtaí gnóthachtáil oideachais a fheabhsú, agus dul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil.
- 2.4.2 Is é tuairim ghairmiúil COO nach imeacht ná sraith ceachtanna atá i gceist leis an oideachas. Is amhlaidh gur próiseas atá ann a bhfuil cur chuige lánscoile i leith an oideachais chomhroinnte le suíomh ann d'fhonn daoine óga a ullmhú níos fearr don saol agus don obair. De réir na fianaise ón mheasúnacht, tá scoileanna/eagrais ag pointí difriúla tosaithe feadh contanaim. Tá léaráidí oibre, bunaithe ar an fhianaise ón mheasúnacht seo, le fáil in Aguisín 3 mar thúsphointe maidir le forbairt contanaim leis an oideachas comhroinnte a chur chun cinn. Tá an tuiscint seo a leanas ar choincheap an oideachais chomhroinnte bunaithe ar an obair i gcomhthéacs CCO.

San oideachas comhroinnte, bíonn daoine óga de chúlraí **éagsúla** ag foghlaim le chéile, rud a chuireann ar a gcumas an ilchineálacht a aithint, meas a bheith acu uirthi, agus leibhéal níos airde **comhthuisceana** a fhorbairt. Baineann sé le modheolaíochtaí agus timpeallachtaí ina mbíonn daltaí ag idirghníomhú tríd an chomhroinnt agus trína bheith ag tógáil ar eolas, scileanna agus eispéiris a chéile, agus a bheith á leathnú. Tosaíonn na daltaí **ag déanamh athmhuintearais** lena chéile le todhchaí chomhroinnte a chur chun cinn. Tá níos mó i gceist leis an oideachas comhroinnte ná spás comhroinnte.

9 Tá sainmhíniú, léirmhíniú agus míniú níos sonraí ar choincheap an oideachais chomhroinnte le fáil in Aguisín 2.

10 *Gach Scoil ina Scoil Mhaith: Beartas um Fheabhsú Scoileanna, an Roinn Oideachais, lch 5.*



3. MODHEOLAÍOCHT

3.1 Rinneadh an mheasúnacht sa tréimhse 2010-2013. Dhírigh cur chuige COO i leith na measúnachta ar acmhainneacht a mhéadú sna tionscadail le dul chun cinn a léiriú agus a mheasúnú agus, san am céanna, measúnachtaí seachtracha, oibiachtúla a bheith iontu. Mheasúnaigh na cigirí cáilíocht an tsoláthair de réir tháscairí saincheaptha cáilíochta¹¹ a cuireadh in iúl do cheannairí na dtionscadal lena chinntiú go raibh trédhearcacht agus oscailteacht ann. Spreag na cigirí lucht na dtionscadal aonair úsáid a bhaint as na táscairí seo le cuidiú le scoileanna/eagrais atá páirteach in obair athmhuintearais cáilíocht an tsoláthair i ndiaidh do na cláir a bheith thart a mheasúnú. Le linn na hoibre, cuireadh béim ar leith ar fhriotail agus tuiscint i gcoitinne a fhorbairt idir na tionscadail agus na scoileanna/eagrais maidir leis an tionchar féideartha a bheadh ag an obair ar phleanáil curaclaim agus ar phleanáil scoile/forbairt eagrais.

3.2 Rinne na cigirí an méid seo a leanas fosta:

- bhí idirphlé acu le páistí, daoine óga agus rannpháirtithe eile go foirmiúil, trí chruinnithe réamhshocráithe le grúpaí, agus go neamhfhoirmiúil;
- bhreathnaigh siad ceachtanna agus seisiúin oiliúna;
- bhuail siad le príomhoidí, ceannairí sinsearach, tuismitheoirí, gobharnóirí, baill mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta na bhfoirne, agus éascaitheoirí seachtracha sna scoileanna/eagrais ar thug siad cuairt orthu;
- bhuail siad le foirne na dtionscadal lena gcuid oibre a phlé agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar na táscairí cáilíochta in éineacht leo, agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar na próisis mheasúnaithe a bhí ag na tionscadail ar an soláthar, a raibh iniúchtaí, ceistneoirí, fócasghrúpaí, cairde critice, athbhreithneoirí piara agus taighdeoirí seachtracha i gceist leo;
- mheasúnaigh siad na torthaí faoi choinne na ndaoine óga tríd an dóigh ar gníomhaigh siad in idirphlé, i dtascanna grúpa, i bpíosáí oibre machnamhacha, i bhfócasghrúpaí agus i gcreidiúnú;
- mheasúnaigh siad cáilíocht na pleanála, na n-áiseanna, an ábhar tacaíochta agus na socruithe measúnachta a d'fhorbair foirne na dtionscadal;
- scrúdaigh siad réimse leathan cáipéisí, ina measc na buntairiscintí maoinithe agus na tuarascálacha rialta dul chun cinn a cuireadh isteach thar ceann na dtionscadal;

11 Is féidir teacht ar na táscairí a ndearnadh athbhreithniú orthu i mí Mheán Fómhair 2012 ar shuíomh COO.

- d'fhreastail siad ar laethanta oiliúna agus ar chomhdhálacha a d'óstáil na tionscadail
- agus ar chomhdhálacha a d'éagraigh Foireann Teagmhála an Chiste in RO inar tugadh ionadaithe ó na tionscadail le chéile le labhairt ar a n-eispéiris; agus
- rinne siad anailís ar ábhar ar líne ar chás-staidéir ó na tionscadail.

3.3 Tá an mheasúnacht deiridh seo comhdhéanta de na torthaí ó na 19 dtionscadal. Chomh maith leis sin, eisíodh tuarascáil ilchodach i mí Mheán Fómhair 2011, agus tugadh tuairisc shonrach ar na torthaí eatramhacha do gach tionscadal i mí an Mheithimh 2012 agus i mí an Mheithimh 2013. Tá cás-staidéir ó na tionscadail le fáil ar shuíomh gréasáin COO.

3.4 Le linn an phróisis, rinne na cigirí a machnamh go cúramach ar thúsphointe na dtionscadal agus ar an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh na haidhmeanna a bhaint amach agus an tionchair ar na daoine óga i rith CCO. Ag an phointe eatramhach, ba léir go raibh sé deacair ag na páirtithe leasmhara uile, COO san áireamh, na torthaí inláimhsithe do na daoine óga a chur in iúl go héasca agus go beacht le friotal comhroinnte/i gcoitinne. Rinne COO dréacht de tháscairí cáilíochta níos beaichte a bhí ag teacht le scileanna smaointeoireachta agus cumais phearsanta agus le meon agus dearchtaí i leith na foghlama i gCuraclam TÉ (féach Figiúr 2) d'fhonn na torthaí inmhianaithe a cheangal ar dhóigh níos sonraí le Curaclam TÉ. Bhí na bunaidhmeanna agus na bunchuspóirí mar phríomhfhócas an phróiseas measúnachta i gcónaí, ach rinne COO an fócas ar an fhoghlaim a mhínchóiriú trí níos mó airde a dhíriú ar na nithe seo a leanas:

- forbairt phearsanta agus shóisialta na rannpháirtithe agus a thoilteanaí a bhí siad glacadh le tuairimí agus le meoin dhifriúla agus bheith muiníneach go fóill as a gcreidimh agus as a dtuairimí féin;
- torthaí agus gnóthachtáil na rannpháirtithe ó thaobh féinmheasa, muiníne, buanseasmhachta, cumarsáide, bainistiú mothúchán agus níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama;
- eolas, tuiscint agus scileanna na mball foirne rannpháirteach agus comhfhoghlaim éifeachtach á n-éascú acu agus dul chun cinn na rannpháirtithe á rianú acu; agus
- chomh maith agus a d'fhorbair ceannairí scoile agus eile fíis don oideachas comhroinnte, a shocraigh siad oiliúint foirne, a d'ardaigh siad feasacht an phobail agus a phleanáil siad ranganna inbhuanaithe comhroinnte.




Bhí an t-idirphlé an-spéisiúil. Thuig mé níos fearr go bhfuil claontacht agus leithcheal inár sochaí agus nár chóir talamh slán a dhéanamh de na tuairimí a bhíonn agat de dhaoine.

Dalta

Why can't we do more of this?

Páiste



Nuair a théann mo chuid páistí go dtí an scoil eile, bíonn siad ag lorg a gcairde ón scoil sin. Téimid ar thurais le chéile. Tugtar na tuismitheoirí le chéile, mar sin sílim go bhfuil constaic ar leith sáraithe... Sílim go bhfuil daoine de reiligiúin dhifriúla thart anseo níos fulangaí i leith a chéile, agus réitimid lena chéile... Tá sé go deas na páistí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí a fheiceáil ag teacht le chéile.


Tuismitheoir

Is é seo an obair is suimiúla agus is doimhne ar fad a raibh mé páirteach inti riamh. Tugadh dúshlán na bpáistí smaoineamh ar shiombail an tseicteachais agus ar an tionchar a bhíonn acu ar a saol. Sáraíodh constaicí tríd an chuairt ón bhunscoil rialaithe eile ar an scoil s'againne. Bhí sé galánta na páistí a fheiceáil ag idirghníomhú lena chéile chomh maith sin agus an tuisceant a bhí acu ar chultúr a chéile a fheiceáil.

Múinteoir

4. NA TORTHAÍ

4.1 Torthaí tionscadail agus gnóthachtáil



Ag dul go maith

4.1.1 I mbeagnach gach ceann de na tionscadail, d'fhorbair na rannpháirtithe scileanna maithe pearsanta agus sóisialta tríd an teagmháil acu le daoine eile agus iad ag fiosrú saincheistanna conspóideacha, íogaire, casta, ábhartha a bhaineann lena saol féin. Sa chleachtas is mó a raibh siad gníomhach ann, mhéadaigh ar a bhféinmhuinín, ar a bhféinfheasacht agus ar a bhféinmhachnamh agus bhí siad in ann labhairt go réidh fúthu féin agus faoi na heispéiris acu. Bhí siad oscailte maidir lena bheith ag bualadh le daoine eile a raibh peirspictíochtaí difriúla acu; bhí siad socair, measúil agus idirphlé ag dul ar aghaidh, d'éist siad go cúramach, léirigh siad leibhéal maith ionbhá agus ghlac siad go maith le freagairtí daoine eile. D'fhorbair siad caighdeáin mhaithe i réimse scileanna, ina measc teanga agus litearthacht, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, réiteach fadhbanna agus déanamh cinntí, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach.

4.1.2 I mbeagnach gach ceann de na tionscadail, mhéadaigh feasacht na rannpháirtithe ar an tionchar a bhíonn ag a meon agus ag a ngníomhartha ar dhaoine agus ar phobail eile. Sa chleachtas is nuálaí, léirigh na rannpháirtithe tuiscint níos fearr ar pheirspictíochtaí an phobail eile agus ba luachmhar leo bheith ag obair in éineacht leo siúd as traidisiúin eile. Bhí ionchur maith acu sa phlé faoi na deighiltí sa tsochaí againn agus faoi na peirspictíochtaí difriúla ar réimse ceistanna conspóideacha a bhaineann le féiniúlacht, creideamh agus cultúr. Chuir siad in iúl an tábhacht a bhaineann leis an oideachas i gcomhthéacsanna comhroinnte le míthuiscintí agus

aineolas i dtaca le ceistanna coimhlinte in TÉ a réiteach. Thug siad, mar shampla, moltaí praiticiúla faoin dóigh le coimhlint a réiteach.

- 4.1.3 I mbeagnach gach ceann de na tionscadail, bhí na rannpháirtithe in ann a bhfoghlaím féin a mheasúnú trí dhialanna machnamhacha, ceistneoirí agus idirphlé. Bhí deis ann i dtromlach na dtionscadal cáilíocht chreidiúnaithe nó gradam le critéir réamhshocráithe a bhaint amach. Ní féidir comparáid a dhéanamh faoi láthair idir na cúrsaí creidiúnaithe seo ó thaobh luach an chreidiúnaithe de. Mar sin féin, ba chomhartha do na rannpháirtithe na bearta a rinneadh leis na heispéiris foghlama a chreidúnú go raibh an obair luachmhar agus cuireadh ar chumas lucht na dtionscadal dul chun cinn daoine aonair a rianú.

Ceachtanna a foghlaimíodh


- 4.1.4 Ghlac na scoileanna/eagrais páirt in CCO ar dhóigh fhiúntach sa mhéid go raibh na lucht na dtionscadal in ann a léiriú go raibh córais shoiléire ann le dul chun cinn na rannpháirtithe ó thaobh tuisceana, scileanna, meoin agus iompraíochtaí de a rianú. Nuair nár leor measúnú na hoibre le torthaí a bhaint amach, bhí an obair féin éadomhain.
- 4.1.5 Ní raibh aon chur chuige ar leith ann a bhí oiriúnach do gach tionscadal. Nuair a bhí tuiscint shoiléir, mhacánta ag lucht na dtionscadal ar phróifíl agus ar thuairimí na rannpháirtithe – tuiscint ar na rudaí a raibh eagla orthu rompu, ar a n-urchoilleadh, ar chonstaicí praiticiúla agus ar mheon aigne dúnta, agus tuiscint ar a bhfreagairt do na rudaí seo – cuireadh an fhoghlaím phleanáilte in oiriúint do thúsphointí áirithe na rannpháirtithe.
- 4.1.6 I gcás na dtionscadal b'éifeachtaí, cuireadh chun cinn iad ar luas a bhí fóirsteanach do riachtanais na rannpháirtithe seachas de réir struchtúr righin. Ghlac sé am a chur ar chumas na rannpháirtithe forbairt go pearsanta agus go sóisialta le go mbeadh siad in ann a n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna comhroinnte agus tionchar a imirt ar a meon agus ar a n-iompraíochtaí le go bhforbródh siad an meon agus na hiompraíochtaí atá riachtanach don chomhfhoghlaim. Is sna céimeanna deiridh de CCO a raibh torthaí foghlama níos inléirithe le sonrú.

4.1.7 **As seo amach**, is gá:

- do scoileanna/eagrais tionchar na hoibre athmhuintearais ar mheon, iompraíochtaí, tuiscint agus scileanna daoine óga a mheasúnú go leanúnach d'fhonn a bheith in ann dul chun cinn daoine óga a léiriú go soiléir agus pleanáil sa todhchaí a mhúnlú;
- do scoileanna/eagrais díriú ar fhorbairt aibíocht daoine óga agus ar fhorbairt a scileanna ardleibhéil idirbheartaíochta, comhréitigh, réiteach fadhbanna, agus bainistithe easaontais, coimhlinte agus aighnis trí straitéisí foghlama nuálacha, spreagúla, eispéireasacha; agus
- do gach rannpháirtí aitheantas a thabhairt don chomhfhoghlaim, luach uirthi a léiriú agus an luach saothair a thuiscint trí shocruithe creidiúnaithe agus measúnaithe ag gach céim.



4.2 Cáilíocht an tsoláthair faoi choinne na foghlama



Ag dul go maith

- 4.2.1 Chuir CCO borradh as an úr faoin chomhfhoghlaim le daoine óga a spreagadh agus a mhealladh. Luigh sé isteach le planáil curaclaim agus bhí sé mar spreagthach le réimse de straitéisí nuálacha foghlama agus múinteoireachta a dhírigh ar thuiscint na rannpháirtithe ar an ilchineálacht agus ar an pháirt ar féidir le gach duine a imirt i bpróiseas an athmhuintearais a dhaingniú. As siocair nádúr conspóideach, casta, íogair na hoibre, dhírigh na modheolaíochtaí is éifeachtaí ar éascú na foghlama¹² le leibhéal níos mó foghlaim eispéireasach a chur chun cinn.¹³
- 4.2.2 I mbeagnach gach tionscadail, rinneadh an obair ar oideachas comhroinnte a phleanáil agus a fhorbairt de réir Churaclam TÉ, rud a bhí an-tábhachtach, trí na réimsí a leanas: FPC, an Domhan Thart Orainn, Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, stair, teanga agus spórt. Chuir na tionscadail forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil le tacú le múinteoirí, le hoibrithe óige agus le soláthróirí eile oideachais le cuidiú leo bheith muiníneach agus réimse scileanna agus modheolaíochtaí in úsáid acu leis an chomhfhoghlaim a éascú, plé ar cheisteanna conspóideacha san áireamh.
- 4.2.3 Chuaigh na baill foirne a bhí rannpháirteach sna tionscadail i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an oideachas comhroinnte a éascú go toilteanach. De réir an chleachtais is fearr, phleanáil an fhoireann go héifeachtach le freastal ar riachtanais agus ar ábhair spéise na rannpháirtithe i dtimpeallacht shábháilte, mheasúil. Áiríodh cuir chuige a úsáid a bhí de réir an chomhthéacs áitiúil agus riachtanais dhifriúla phearsanta, shóisialta, mhothúcháinacha, iompraíochta

12 Is é atá i gceist le héascú ná an próiseas ina gcuidítear le daoine fiosrú, foghlaim agus athrú. Spreagann sé daoine lena machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris agus ar an dóigh a bhfuil siad ag foghlaim.

13 Is féidir cur síos ar an foghlaim eispéireasach mar foghlaim a dhéantar trí mhachnamh a dhéanamh ar na gnátheispéiris sa saol. Tarlaíonn sí nuair a bhíonn an duine ina iomláine rannpháirteach go gníomhach mar neach a bhfuil gnéithe spioradálta, fuinniúla, fisiceacha ag baint leis atá in ann rudaí a aireachtáil agus a mhothú, mar neach a bhfuil iomas aige agus a bhfuil bua an íomháithe, an mhachnaimh agus an idirdhealaithe aige, agus mar neach atá in ann rúin a shocrú agus gníomhú. (Heron, John 1999 The Complete Facilitator's Handbook. Londain: Kogan Ich2.)

agus foghlama na rannpháirtithe. Bhain an fhoireann úsáid as réimse straitéisí fóirsteanacha foghlama trína forbraíodh go maith scileanna na rannpháirtithe ó thaobh éisteacht ghníomhach, smaointeoireacht chriticiúil agus freagairt do dhaoine eile de. Sa chleachtas is fearr a breathnaíodh, chruthaigh an fhoireann timpeallacht shábháilte foghlama a raibh comhiontaoibh mar bhunús léi, rud a spreag leibhéal ard teagmhála. Ba léir go raibh siad feasach ar urchoilleadh agus ar inní na rannpháirtithe agus iad ag plé leis an phróiseas athmhuintearais. Rud fíorthábhachtach a rinne siad ná samhlacha de luachanna an athmhuintearais a thaispeáint, ina measc iontaoibh, meas, oscailteacht, ionracas, éisteacht ghníomhach, ionbhá agus uileghabhálacht. Bhain siad úsáid as modheolaíochtaí éifeachtacha le tuiscint na rannpháirtithe orthu féin agus ar dhaoine eile a fhorbairt d'fhonn forbairt meon agus dearcadh dearfach a chothú. Sholáthair siad eispéiris dhúshlánacha, dhoimhne a chuir ar chumas na rannpháirtithe ceisteanna reatha, ábhartha, conspóideacha a bhaineann lena bpobal áitiúil féin agus le pobal TÉ a fhiosrú agus a phlé. D'éirigh leo na rannpháirtithe a spreagadh bheith páirteach sa phróiseas foghlama ar dhóigh mhothúchánach, thug siad a ndúshlán, ó thaobh a gcuid smaointeoireachta de, trí réimse dearchtaí difriúla a chur in iúl, agus thug siad deiseanna dóibh an choimhlint a bhainistiú trí obair chomhroinnte.

- 4.2.4 Cuimsíonn CCO gach réimse ábaltachtaí, ina measc daoine óga leochaileacha agus tuismitheoirí/cúramóirí. Tugadh samplaí den dóigh leis an fhoghlaím a dhifreáil le dul i ngleic le riachtanais éagsúla na rannpháirtithe. Is minic a tugadh dúshlán na rannpháirtithe ó thaobh a réamhthuaisrí faoi ábaltachtaí daoine eile agus iad i mbun tasc comhroinnte.
- 4.2.5 Sna cleachtais is nuálaí, chuir foireann na dtionscadal gnáthchásanna agus gnátheispéiris an tsaoil i láthair na rannpháirtithe ina dtiocfadh leo a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm. Cuireadh peirspictíochtaí difriúla bhaill na bpobal is mó i láthair mar aon le cás-staidéir, scéalaíocht agus rólghlacadh a bhain le ceisteanna coimhlinte. Bhí an fhoghlaím domhain, rud a tharla trí réimse cuir chuige cruthaitheacha, ina measc na hilmheáin, ealaín, drámaíocht, ceol agus seánraí litearthachta.
- 4.2.6 Ar fud CCO, mheasúnaigh an fhoireann ar bhonn rialta tionchar na comhfhoghlama ar dhearchtaí agus ar iompraíochtaí trí cheistneoirí, agallaimh le fócasghrúpaí, dialanna machnaimh, breathnú ar phiaraí agus measúnú seachtrach. Bhí anailís ar an mheasúnú seo mar bhunús le planáil don todhcháí.

Ceachtanna a foghlaimíodh

- 4.2.7 Sa chás ina raibh scoileanna/eagrais inrochtaine ag a chéile gan stró, is fearr mar a siad i ngleic le constaicí praiticiúla amhail costais iompair, agus tháinig siad ar réitigh áitiúla leis an chomhtháthú phobail a chur chun cinn. Sa chás ina raibh a fhios ag scoileanna cén dóigh le tacaíocht a fháil ón earnáil neamhfhoirmiúil nuair a tháinig ceist chonspóideach chun cinn, bhí fianaise ann gur thángthas ar réiteach níos gasta tríd an chleachtas chomhoibríoch seo.
- 4.2.8 Is féidir leis bheith casta tuismitheoirí/cúramóirí a thabhairt isteach agus glacann sé suas cuid mhaith ama. Mar sin féin, tá fianaise ann gur saibhre an t-eispéireas a bhí ann do na rannpháirtithe nuair a lean na tionscadail orthu ag iarraidh a bheith ag obair le tuismitheoirí/cúramóirí.
- 4.2.9 Ceapadh an obair ba spreagúla go saineúil le freastal ar riachtanais na ndaoine óga agus na gcomhthéacsanna difriúla áitiúla trí úsáid a bhaint as tuairimí agus as eispéiris na ndaoine óga leis an chlár a phleanáil mar fhreagairt ar cheisteanna¹⁴ coimhlinte, eagla, scoiteachta, bulaíochta, imeagla agus féiniúlachta, seachas áiseanna sainordaithe a úsáid a chuir srian ar an fhoghlaim.
- 4.2.10 Bhain na tréithe ar leith seo a leanas leis an oideachas comhroinnte a bhí pleanáilte go cúramach ar fud na scoile/an eagrais:
- torthaí foghlama a bheith socraithe faoi choinne daoine óga i mbliainghrúpaí agus ag pointí difriúla iontrála sa dóigh gurbh fhéidir an obair a thabhairt chun cinn ar dhóigh fhóirsteanach;
 - réimse leathan straitéisí foghlama agus deiseanna agus eispéiris a bheith ar fáil do na daoine óga le bheith ag obair le cuspóir a bhaint amach i ngrúpaí beaga agus i mbeirteanna le difríochtaí a fhiosrú, coimhlintí a bhainistiú, cinntí a dhéanamh agus fadhbanna a fhuascailt; agus
 - próiseas foghlama an athmhuintearais a éascú seachas go díreach an friotal a bhaineann leis an athmhuintearas a theagasc.
- 4.2.11 B'éifeachtaí an measúnú ar an fhoghlaim sa chás ina raibh sé mar chuid de phróiseas leanúnach agus mar chuid lárnach den bhunús leis na chéad chéimeanna eile.

14 Tá sonraí réimse ceisteanna a luaigh na páistí agus na daoine óga le fáil i dtuarascáil 2013 le Coimisinéir Thuaisceart Éireann do Dhaoine Óga ar an oideachas comhroinnte, 'Shared Education The Views of Children and Young People, Children and Young People's Report 2013'.

4.2.12 As seo amach, is gá:

- tacaíocht a thabhairt don fhoireann i ngach céim lena muinín agus a gcumas a fhorbairt níos mó agus réimse straitéisí foghlama in úsáid acu atá de dhíth maidir leis an obair i ranganna comhroinnte le heispéiris a éiríonn níos dúshlánaí de réir a chéile a chur roimh dhaoine óga nuair a bhíonn siad ag dul i ngleic le ceistanna conspóideacha, íogaire.


*Foghlaim faoi na
bratacha sula gcuireann
tú ar foluain iad.*

Dalta



4.3 Ceannasaíocht agus bainistíocht ar na tionscadail

Ceannasaíocht agus Bainistíocht: Cé chomh héifeachtach atá an cheannasaíocht agus an bhainistíocht leis an athmhuintearas a chur chun cinn tríd an oideachas comhroinnte?



Ag dul go maith

- 4.3.1 Rinne Foireann Teagmhála an Chiste in RO bainistíocht éifeachtach ar an rogha tionscadal, agus rinne siad monatóireacht agus athbhreithniú dian ar obair na dtionscadal lena chinntiú go raibh dul chun cinn á dhéanamh agus go rabhthas ag díriú go hiomlán ar an tionchar ar chomhfhoghlaim agus ar na scileanna a bhaineann léi. De réir mar a chuaigh CCO ar aghaidh, tháinig naisc shoiléire idir tionscadail chun solais, rud a chuir an fhoireann chun cinn agus a d'éascaigh sí. Rinne an fhoireann nasc maith go háirithe idir an obair agus beartas RO maidir le Caidrimh Phobail, Comhionannas agus Ilchineálacht.
- 4.3.2 Trí thuarascálacha rialta monatóireachta agus cruinnithe cuntasachta, d'oibrigh Foireann Teagmhála an Chiste in RO go solúbtha agus le haigne oscailte i gcomhar le ceannairí na dtionscadal le cothromaíocht inghlactha a bhaint amach idir bheith cruthaitheach agus rioscaí a ghlacadh leis an fhoghlaim faoin oideachas comhroinnte a uasmhéadú, agus córais fhóirsteanacha chuntasachta a bheith ann san am céanna. Mar gheall ar na castachtaí a bhí ann ag tús an chlár, b'éigean don chuid is mó de na tionscadail an cur chuige acu agus a ngnáthaimh riaracháin a leasú go leanúnach le fanacht dírithe ar aidhmeanna uileghabhálacha CCO.¹⁵ Sna céimeanna deiridh den tionscadal, d'oibrigh Foireann Teagmhála an Chiste in RO le COO leis na socruithe tuairiscithe a chomhcheangal agus a shimpliú ar mhaithe le cáilíocht agus cúrsaí airgeadais.
- 4.3.3 Bhí ceannairí na dtionscadal agus na rannpháirtithe cruthaitheach agus réimse samhlacha oideachas comhroinnte á bpiólótu acu leis an athmhuintearas a chur chun cinn thar na deighiltí reiligiúnacha, cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta. Áiríodh ann samplaí praiticiúla de bheith ag sárú constaicí ar an oideachas comhroinnte amhail amhláir, costais iompair agus tosaíochtaí iomaíocha taobh istigh de na scoileanna, mar aon le

15 Bhí réimse fachtóirí i gceist leis an ghanncaitheamh sna tionscadail, ina measc tosú mall, earcú foirne, tosaíochtaí iomaíocha ag na scoileanna agus leibhéal na tuisceana ar choincheap an oideachais comhroinnte sna scoileanna/eagrais.

constaicí fealsúnachta, ina measc aigne dhúnta agus fíis chaolaigeannta maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann leis an oideachas. I measc an réimse samhlacha bhí:

- an chomhfhoghlaim a fhorbairt trí chomhpháirtíochtaí áitiúla idir scoileanna/eagrais;
- obair i ranganna comhroinnte i scoileanna trí réimsí curaclaim;
- obair i ranganna comhroinnte in iar-bhunscoileanna trí fhorbairt an Chreat Teidlíochta;
- ranganna comhroinnte idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna leis an aistriú eatarthu a fheabhsú do na daoine óga;
- comhranganna tuismitheoireachta;
- oideachas comhroinnte taobh istigh de scoileanna agus leis an phobal; agus
- comheispéiris oideachasúla trasteorann.

- 4.3.4 Bhí ceannairí na dtionscadal éifeachtach ó thaobh na tacaíochta a thug siad do scoileanna/eagrais rannpháirteacha leis an oideachas comhroinnte a fhorbairt. Bhí dea-thionchar ag an fhís shoiléir agus ag an tiomantas acu ar na scoileanna/eagrais agus chuidigh siad le féinmheasúnú agus féinfheabhsú níos fearr a fhorbairt. Bhí próiseas ann le cur chuige dian a chur i bhfeidhm i leith an fhéinmheasúnaithe – gan glacadh le leithscéalta ar bith – ar mhaithe le forbairt níos fearr, agus d’fheabhsaigh an próiseas sin go suntasach le linn an chláir.
- 4.3.5 Ba shamplaí den scoth iad seo den dóigh ar baineadh feidhm as tuairimí na bhfoghlaimoirí le cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú agus le planáil ina dhiaidh sin a mhúnlú. Tríd an phróiseas seo, bhíothar in ann a fheiceáil go réadúil cad é a d’oibrigh go maith agus cad é atá le déanamh go fóill le planáil níos fearr a dhéanamh le dul ar aghaidh.
- 4.3.6 Gné thábhachtach de rath ba ea earcaíocht, imlonnú, tacaíocht agus forbairt na foirne le CCO a chur chun cinn. Chinntigh sé seo gur thug an chuid is mó d’fhoireann na dtionscadal ardleibhéal saineolais agus taithí leo i gcaidrimh phobail, san athmhuintearas agus san ilchineálacht, lena n-áirítear éascú sciliúil ar bheith ag foghlaim le ceistanna conspóideacha, íogaire a láimhseáil. Bhí an leibhéal seo saineolais de dhíth lena chinntiú go raibh na leibhéil riachtanacha teagmhála agus caidrimh thacúla oibre ann idir na tionscadail, na scoileanna, na heagrais, na grúpaí agus na daoine aonair agus obair chasta an oideachais comhroinnte á forbairt.

- 4.3.7 D'aithin foireann na dtionscadal a thábhachtaí atá sé obair i gcomhpháirt le cur go héifeachtach le hacmhainneacht agus le saineolas na dtionscadal uile. Bhí samplaí ann den dóigh ar oibrigh na tionscadail le chéile lena gcuid oibre a nascadh go soiléir le feabhsú scoileanna agus le húsáid a bhaint as iniúchtaí, pleananna gnímh agus socruithe monatóireachta agus measúnaithe a bheadh fóirsteanach do chomhthéacsanna scoile. Nuair ba chúig, rinne foirne na dtionscadal naisc go gníomhach leis an earnáil neamhfhoirmiúil agus le gníomhaireachtaí ábhartha, amhail na hearnálacha gairmeacha, oiliúna agus oideachais le freastal níos fearr ar riachtanais daoine óga.
- 4.3.8 Thug CCO deiseanna do mhúinteoirí agus do bhaill foirne rannpháirteacha a scileanna oideolaíocha a fhorbairt tráth a raibh srian ar an rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Áiríodh ar na deiseanna seo rochtain ar na háiseanna fóirsteanacha a thacaigh le hobair chomhpháirtíochta níos fearr.
- 4.3.7 Chuaigh beagnach gach ceann de na tionscadail i ngleic go héifeachtach leis na réimsí atá le feabhsú atá luaite i dtuarascáil eatramhach Mheitheamh 2012.


Na ceachtanna a foghlaimíodh

- 4.3.8 Bhí an chuid is mó de na tionscadail ag streachailt leis na haidhmeanna aonair a bhaint amach ar dhóigh intomhaiste. Ba é tuairim na foirne cigireachta gur luaigh na tionscadail barraíocht maidir lena bhféadfaí a bhaint amach ar mhaithe le maoiniú a fháil. Ní dhearna siad é seo le teann mí-ionracais, áfach, ach as siocair gur chreid siad an oiread sin sna féidearthachtaí a bhain leis an obair a raibh siad ag tabhairt fúithi. Beidh sé tábhachtach níos mó ama a chur ar fáil sula dtosófar ar obair eile den chineál seo – obair a bhfuil infheistíocht mhór de dhíth ina leith ó thaobh caidrimh mhaithe a thógáil idir na páirtithe leasmhara – le seans a thabhairt do thionscadail nó do scoileanna a bhfuil smaointe maithe acu leas a bhaint as tacaíocht ghairmiúil le cuidiú leo a smaointe a mhúnlú agus a mhínchóiriú chun pleananna praiticiúla feidhmithe a dhéanamh díobh. Ag éirí as sin, tig leis na pairtnéirí seachadta a bheith cinnte go bhfuil an méid a chuir siad i láthair á chur ar fáil acu sa dóigh go dtig leo a gcuid fuinnimh a dhíriú ar na daoine óga seachas ar chuntasacht maidir le haidhmeanna tionscadail atá fiúntach ach nach bhfuil foirfe.
- 4.3.9 Dá mbeadh níos mó ama ann roimh thosú dóibh, bheifí in ann níos mó obair dhírthe a dhéanamh le scoileanna/eagrais. Bíonn níos mó tacaíochta de dhíth ar éascaitheoirí seachtracha agus ar cheannairí tionscadail lena aithint cad é an dóigh le bheith ag plé le scoileanna go héifeachtach le go seachnófar dúbláil an tsoláthair i scoileanna/eagrais áirithe agus ganntanas i scoileanna/eagrais eile. Cé nach ndéantar dochar dáiríre nuair a tharlaíonn sé seo, níl sé éifeachtach ó thaobh imlonnú áiseanna.

4.3.10 Nuair a thuig na ceannairí ag gach leibhéal sna scoileanna/eagrais i gceart cad é an cuspóir a bhaineann leis an oideachas comhroinnte ó thaobh an curaclam a sheachadadh agus daoine óga a ullmhú don saol, thuig siad gur mó ná tionscnamh nua eile a bhí i gceist. D’aithin na scoileanna/eagrais cad é an pointe tosaigh acu agus phleanáil siad go héifeachtach leis an aistriú a dhéanamh ó obair féiniúlachta aonair go hoideachas comhroinnte inbhuanaithe a thóg ar obair agus ar chomhpháirtíochtaí trasphobail a bhí ann cheana féin. Seachas an obair ar fad a fhágáil faoi dhaoine aonair, caitheadh am ar an scoil/eagras ina n-iomláine díriú ar chuspóir an oideachais comhroinnte. Cuireadh é seo i bhfeidhm ina chéimeanna tríd an phróiseas pleanála forbartha agus féinmheasúnaithe; bhí sé nasctha go dlúth le haidhmeanna agus le héiteas na scoileanna/eagrais a fhíorú agus tugadh tuismitheoirí agus gobharnóirí isteach le húinéireacht a thabhairt do phobal níos leithne na scoile. Tugadh aghaidh ar bheartais eile atá ag na scoileanna/eagrais, amhail na beartais cúram tréadaigh agus beartais a bhaineann leis an fhoghlaim agus leis an mhúinteoireacht, tríd an obair forbartha ar oideachas comhroinnte. Bhí tús áite ag forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne ag na scoileanna/eagrais ó thaobh tuiscint dhomhain a fhorbairt ar an phróiseas athmhuintearais agus ar na scoileanna atá de dhíth ina leith, rud a bhí an-tábhachtach agus a chuir ar chumas na mball foirne a dtuairimí agus a mothúcháin féin a shoiléiriú le go dtiocfadh leo bheith níos cumasaí agus níos cuimsithí agus scrúdú fiúntach ar cheisteanna conspóideacha, íogaire ag daoine óga á n-éascú acu.

4.3.11 Amach anseo

- Caithfidh an Ciste, RO agus maoinitheoirí eile leanúint ar aghaidh leis an obair leis na próisis phleanála agus chuntasachta a chuíchóiriú maidir le hobair den chineál seo atá bunaithe ar thionscadail. Caithfidh siad soiléireacht a bhaint amach i dtaca le pleanáil agus tuairisciú cáilíochta agus airgeadais de ach gan na foirne a bhaint d’obair phraiticiúil seachadta na dtionscadal.
- Nuair is cuí, caithfidh scoileanna/eagrais obair le héascaitheoirí seachtracha lena fheiceáil cén chéim ag a bhfuil siad ó thaobh an oideachais comhroinnte le go dtig leo aidhmeanna agus cuspóirí réadúla a shocrú agus lena chinntiú go bhfuil an phleanáil ag teacht le tionscnaimh eile sna scoileanna/eagrais agus go dtógann sí orthu.
- Caithfidh scoileanna/eagrais úsáid a bhaint as an phróiseas feabhsaithe leis an oideachas comhroinnte a fhorbairt trí fhorbairt na foirne, trí dhaoine lárnacha a cheapadh leis an obair a stiúradh agus a chomhordú, trí chóras le cáilíocht an tsoláthair agus na dtorthaí a mheasúnú, agus trí obair le tuismitheoirí/cúramóirí sa phobal.



“

Má fhoghlaímíonn na páistí go luath sa saol le réiteach lena chéile, a gcuid deacrachtaí a shárú agus go bhfuil muid ar fad mar an gcéanna, tá dóchas agam go bhfoghlaimeoidh siad i rith a gcuid scolaíochta agus amuigh sa phobal an dóigh le maireachtáil le chéile. Tá síolta curtha agamsa agus tá súil agam go mbláthóidh siad san am atá le teacht.

”

Múinteoir

“

Tríd an obair seo, tá eolas níos fearr faighte agam ar an ról tábhachtach ar féidir leis an mhúinteoir a imirt i sárú constaicí.

”

Múinteoir



“

Is doiligh plé leis na mothúcháin in TÉ mar ní sochaí sinn atá oscailte faoi na mothúcháin... Caithfear aird na bpáistí a dhíriú ar a gcuid mothúchán... Ní drochrud é bheith feargach, ach caithfear déileáil leis an fhearg... Caithfear straitéisí a theagasc...

”

Príomhoide

4.5 Inbhuanaitheacht

- 4.5.1 Tráth na measúnachta deiridh, bhí pleananna ag beagnach gach tionscadal an fhoghlaím a choinneáil ag dul. Tá éagsúlacht sna pleananna, áfach, ó thaobh doimhneachta agus cáilíochta de. Tá pleananna ann eolas a chraobhscaoileadh agus cinn eile ann a dhíríonn ar an fhoghlaím a neadú. Sa chás ina bhfuil lucht na dtionscadal soiléir ina n-aighe féin faoin dóigh leis an obair a choinneáil ag dul, tá pleananna fóirsteanacha ag na scoileanna/eagrais, lena n-áirítear: gníomhartha oideachais chomhroinnte a chomhtháthú le tosaíochtaí eile scoile amhail caighdeáin a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht, a n-éiteas a athbhreithniú, forbairt leanúnach foirne agus fairsingiú an dea-chleachtais, agus cáilíocht na foghlama agus na múinteoireachta a fheabhsú i réimsí curaclaim amhail FPC, an Saol Thart Orainn, Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, stair, tíreolaíocht, teangacha agus cláir saibhrithne an séú agus an seachtú bliain. Tá sé de rún ag scoileanna áirithe leanúint ar aghaidh leis an obair, beag beann ar mhaoiniú suntasach breise a bheith ar fáil mar tuigeann siad go maith cé na buntáistí a bhaineann leis an oideachas comhroinnte. Áirítear leis an obair sin: saineolas na foirne a chomhroinnt, an tionchar ar an fhoghlaím agus rochtain ar áiseanna agus ar shaoráidí níos fearr. Bhí samplaí ann de mhúinteoirí bheith ar iasacht mar oifigigh forbartha atá anois in ann a gcuid saineolais a chur i bhfeidhm leis an oideachas comhroinnte a neadú i gcomhthéacs a scoileanna féin. Tá tábhacht leis na pleananna an t-oideachas comhroinnte a fhorbairt in oideachas múinteoirí.
- 4.5.2 Tá de rún ag na Boird Oideachais agus Leabharlann (BOLanna) tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an oideachas comhroinnte trí obair feabhsaithe sna scoileanna ina n-iomláine agus trí naisc a fhorbairt idir an curaclam agus na seirbhísí óige leis an bheartas Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta a neadú. Tá na hinstiúidí ardoideachais, na BOLanna agus gníomhairí bainistithe eile na dtionscadal eolach go maith ar na buntáistí a bhaineann le leanúint leis an obair trí naisc agus comhpháirtíochtaí ilghníomhaireachta. Tá samplaí úsáideacha ann de naisc bheith déanta ag na tionscadail idir an obair acu agus cumais Chomhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann.
- 4.5.3 Ar bhonn aonair, tá sé i gceist ag na tionscadail coinneáil leis an obair a rinneadh cheana féin – áiseanna a fhorbairt agus a chraobhscaoileadh – trí shuíomhanna gréasáin, na hilmheáin, comhdhálacha agus nuachtlitreacha. Tá sé de rún ag cuid de na tionscadail foinsí eile maoinithe a fháil don obair. Is fiú a lua gur foinse shaibhir iad scéalta pearsanta na ndaoine uile a bhí páirteach san obair lena forbairt tuilleadh: páistí, daoine óga, múinteoirí, cúntóirí ranga, tuismitheoirí cúramóirí, ceannairí sinsearach, gobharnóirí agus oideolaithe eile.

4.5.4 Amach anseo

Is é an dúshlán atá romhainn machnamh a dhéanamh ar an dóigh is fearr le hobair CCO a chomhtháthú leis an chóras oideachais i bhfianaise na spriocanna sa Chlár Rialtais. Is sprioc inmholta í deis an oideachais chomhroinnte a thabhairt do gach duine óg i rith a gcuid scolaíochta. Cé go bhfuil an sprioc chainníochtúil úsáideach, tá cuid mhaith go fóill le déanamh lena chinntiú go bhfuil an t-eispéireas éifeachtach, inbhuanaithe, forásach, go háirithe sna scoileanna sin nach bhfuil tosaithe ar an phróiseas go fóill. Beidh tacaíocht de dhíth ar scoileanna le dul chun cinn a dhéanamh feadh an chontanaim a bhaineann le hoideachas comhroinnte ardcháilíochta a neadú. Is tábhachtach fosta na dúshláin atá ann ó thaobh coinneáil leis an fhoghlaim a rinneadh in CCO a aithint, ina measc: athruithe i socruithe foirnithe agus cailleadh baill foirne sna tionscadail agus sna scoileanna a bhfuil an saineolas riachtanach acu, ganntanas maoinithe don chomhoibriú agus do PFC, an dearcadh i scoileanna/eagrais go bhfuil tionscnaimh agus beartais RO san iomaíocht, agus éifeachtúlacht na scoileanna agus iad ag plé leis an oideachas comhroinnte. Agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin seo, caithfidh oifigigh RO níos mó comhoibriú a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn naisc agus deiseanna maidir leis an oideachas comhroinnte fite fuaite i mbeartais feabhsaithe scoileanna.



“

*Peirspictíocht úr,
modhanna úra oibre.*

”

Gobharnóir □



“

*Caithfear a thuiscint go gcaithfear deis a
thabhairt do pháistí bualadh le daoine difriúla
óir mura dtugtar an deis dóibh meascadh lena
chéile bíonn siad druidte isteach ina bpobal féin.*

”

Tuismitheoir

5. Moltaí

- 5.1 Is í an aidhm fhadtéarmach do gach scoil an t-oideachas comhroinnte a bheith fite fuaite an oiread sin in éiteas gach pobal scoile gur rud nádúrtha é atá mar chuid lárnach d'oibriú na scoile. Tá na riachtanais uile leis an aidhm seo a bhaint amach mar chuid de Churaclam TÉ, ach tá pointí tosaithe difriúla ag gach scoil, rud atá fíor faoin tsochaí againn.
- 5.2 Is trí fhéinmhachnamh macánta amháin a bheidh gach pobal scoile in ann a aithint cad é an pointe tosaithe aige. Caithfidh páirtithe leasmhara uile na scoile bheith tiomanta agus cuidiú leis an scoil plé leis na castachtaí a bhaineann le haidhm a bhaint amach do pháistí agus do dhaoine óga nár éirigh leis an tsochaí againn a bhaint amach go dtí seo. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, ní bhainfear an aidhm seo amach ach amháin trí chleachtas leanúnach comhoibrithe a chuirfidh ar chumas na scoileanna machnamh ar an dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh an aidhm a bhaint amach san fhadtéarma. Beidh tacaíocht leantach de dhíth ar na scoileanna óna chéile, ó thionscnaimh mar CCO agus ó obair thionscadail má táthar le nós agus cleachtas a dhéanamh den mhéid atá foghlamtha acu.
- 5.3 Is é atá sna naoi moladh a leanas tuairim ghairmiúil COO maidir leis an dóigh ar féidir tacú le scoileanna ar dhóigheanna praiticiúla. I gcás cuid de na scoileanna, cuirfidh siad tús lena n-aistear feadh an chontanaim, ag díriú ar thuiscint cheart a fháil seachas bheith ag plé le comhlíonadh. I gcás scoileanna eile, leanfaidh siad orthu ag brú na dteorainneacha i dtreo an haidhme fadtéarmaí.



Is iad seo a leanas na moltaí::

	Moltaí
Do RO	M1 a chinntiú go mbíonn naisc leis an oideachas comhroinnte agus deiseanna a bhaineann leis a bheith fite fuaite i mbeartais feabhsaithe scoileanna;
Do RO i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, ina measc an tÚdarás Oideachais agus Scileanna / Boird Oideachais agus Leabharlann / Comhairle Ghinearálta Mhúinteoireachta Thuaisceart Éireann, an tSeirbhís Óige, institiúidí ardoideachais, an Ciste agus forais eile maoinithe	M2 tógáil ar chomhoibriú éifeachtach RO agus an Chiste i gclár oideachais amach anseo trí phleanáil straitéiseach a dhíríonn ar líon na ndaoine óga rannpháirteacha agus cáilíocht na hoibre praiticiúla a uasmhéadú, trí thacaíocht ghairmiúil a sholáthar, mar shampla, le smaointe maithe i dtairiscintí a mhínchóirí, trí spriocghrúpaí sainiúla a aimsiú ar fud na scoileanna, agus trí mheicníochtaí tuairiscithe a chuíchóirí agus a chomhcheangal le riachtanais an réimse maoinitheoirí a chomhlíonadh; M3 forbairt contanam oideachais chomhroinnte a choimisiúnú, contanam ar a leagtar amach na príomh-chlochmhílte san aistriú ón oideachas comhroinnte a bheith mar rud sa bhreis ar obair na scoile go dtí an t-oideachas comhroinnte a bheith neadaithe in éiteas an scoile – agus ar an dóigh sin, aidhmeanna Churaclam TÉ a fhíorú ar dhóigh níos iomlánaíche; M4 machnamh ar thábhacht an oideachais chomhroinnte i mbeartais agus sa phleanáil d’oideachas múinteoirí, agus tarraingt go háirithe as contanam an oideachais chomhroinnte atá ag teacht chun cinn maidir leis an dóigh a gcuirtear oideachas ar mhúinteoirí agus ar oibríthe óige M5 obair i gcomhpháirt a dhéanamh le háiseanna d’ardcháilíocht a chur ar fáil dóibh siúd a oibríonn sna hearnálacha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus an mhuinín agus na cumais acu a fhorbairt in úsáid an réimse straitéisí foghlama atá de dhíth le hobair i ranganna comhroinnte chun eispéiris a éiríonn níos dúshlánaí de réir a chéile a sholáthar do dhaoine óga agus iad ag dul i ngleic le ceisteanna conspóideacha, íogaire; M6 aitheantas a thabhairt don chomhfhoghlaim, a fiúntas a aithint agus luach a saothair a thabhairt trí shocrúithe creidiúnaithe agus measúnaithe a chuireann chun cinn forbairt scileanna ardleibhéil daoine óga sna réimsí a leanas: idirbheartaíocht, comhghéilleadh, comhfhuascailt fadhbanna, agus easaontas, coimhlint agus aighneas a bhainistiú ar dhóigh aibí;
Do scoileanna/ eagrais	M7 in éineacht le héascaitheoirí seachtracha, an pointe tosaigh a aithint agus aidhmeanna agus cuspóirí réadúla a shocrú mar chuid den phlean níos leithne oideachais / den phlean forbartha scoile agus de na pleananna don phobal foghlama níos leithne sa cheantar; M8 úsáid a bhaint as próiseas feabhsaithe na scoile/an eagrais leis an oideachas comhroinnte a fhorbairt trí fhorbairt na foirne; daoine lárnacha a cheapadh leis an obair a stiúradh agus a chomhordú; measúnú ar thionchar cháilíocht an tsoláthair ar mheon, ar iompraíochtaí, ar thuiscint agus ar scileanna daoine óga; agus obair le tuismitheoirí, cúramóirí agus an pobal níos leithne; agus
Do COO	M9 na táscairí cáilíochta a fhorbairt tuilleadh ar mhaithe le cleachtas éifeachtach san oideachas comhroinnte a aithint agus cleachtas éifeachtach a aithint agus a chraobhscaoileadh.

6. Conclúid

Tábla 2: Tá sonraí sa tábla a leanas ar an oiread a d'éirigh le CCO na ceithre aidhm uileghabhálach aige a bhaint amach.

Ba iad aidhmeanna CCO:	Ar baineadh amach na haidhmeanna go foriomlán?	Ceisteanna a tháinig chun cinn
an t-oideachas comhroinnte a chur chun cinn trí scoileanna atá ionadaíoch ar an dá phobal a nascadh;	Baineadh amach	Chuir an clár naisc chun cinn go héifeachtach idir scoileanna i gcomhpháirtíochtaí oideachas comhroinnte. Beidh le feiceáil cé chomh hinfhuanaithe agus a bheidh na comhpháirtíochtaí seo gan maoiniú breise.
tógáil ar chaidrimh phobail taobh istigh de scoileanna agus idir scoileanna;	Baineadh amach	Tá dúshlán go fóill romhainn nasc a dhéanamh scoileanna/eagrais nach bhfuil páirteach in obair chaidrimh phobail cheana féin agus iad a bheith rannpháirteach.
tacú le for-rochtain chultúrtha idir daoine óga atá ionadaíoch ar na pobail/traidisiúin dhifriúla; agus	Baineadh amach	Dhírigh an clár ar dhaoine óga ar leith agus caithfear a chinntiú go fóill go mbeidh rochtain ag na daoine óga uile ar dheiseanna éifeachtacha oideachas comhroinnte.
dul i ngleic le bearnaí straitéiseacha maidir leis an athmhuintearas a bhaint amach trí chur chuige trasphobail, trasteorann tríd an oideachas agus tríd an earnáil seirbhísí a bhainteach.	Baineadh amach	Tá gá le cur chuige níos comhordaithe i leith an oideachais chomhroinnte go fóill ar fud na ranna rialtais uile.

- 6.1 Rinneadh foghlaim shuntasach trí CCO. Léiríonn an fhianaise go gcuireann oideachas comhroinnte ardcháilíochta le foghlaim níos fearr ag daoine óga. Nuair is comhthéacsanna agus eispéiris ardcháilíochta a bhí i gceist, léirigh na daoine óga meon agus dearchtaí dearfacha i leith na foghlama, d'fhorbair siad a scoileanna smaointeoireachta agus a gcumais phearsanta, agus léirigh siad scoileanna maithe pearsanta agus sóisialta.
- 6.2 Ba shuntasach gur chuir CCO an tsochaí níos leithne ar a suaimhneas maidir leis an tiomantas aghaidh a thabhairt ar an todhchaí ar dhóigh dhearfach agus dálaí i gcoitinne a chothú le tacú leis an obair athmhuintearais i scoileanna/eagrais.

Sholáthair CCO réimse samhlacha praiticiúla den dóigh ar féidir an t-oideachas comhroinnte a fhorbairt i suíomhanna éagsúla oideachais. Is é an fáth ar éirigh leis ná an fócas láidir ar chomheispéiris agus próisis foghlama ardcháilíochta, seachas ar dheifriú lena oiread ranganna comhroinnte agus is féidir a bhunú.

- 6.3 Is róluath go fóill tionchar fadtéarmach na dtionscadal a mheasúnú ach tá go leor oibre déanta le dea-thionchar an oideachais chomhroinnte ar dhaoine óga a léiriú. Níl an próiseas thart, ach tá táscairí an athraithe le sonrú ar féidir leis na páirtithe leasmhara uile agus an tsochaí trí chéile a n-aird a dhíriú orthu as seo amach.



1831

Cuireadh dualgas ar an Bhord Oideachais Náisiúnta modhscoil a bhunú i mBaile Átha Cliath "le hoideachas aontaithe Protastúnach agus Caitliceach i scoileanna le chéile a chur chun cinn".

1923

An tAcht Oideachais
Moladh córas oideachais neamh-shainchreidmheach leis an Acht seo.

1923**1831****1969**

1969
Coimisiún Caidrimh Phobail TÉ

Cheap an Aireacht Oideachais ag an am an coimisiún leis 'an méid a thiocfadh le scoileanna a dhéanamh le caidrimh phobail a fheabhsú' a fhiosrú.

1981

An Chéad Scoil Imeasctha

Bhunaigh grúpa tuismitheoirí feachtasaíochta Coláiste an Lagáin i mBéal Feirste

1981**1974****1974**

Plean faoi choinne 'scoileanna comhroinnte'
Mhol an tAire Oideachais plean faoi choinne 'scoileanna comhroinnte'.

1982**1982**

Feabhsú Caidrimh Phobail: Ról na Scoileanna

Dúradh i gciordclán RO 1982/21 go raibh sé de fhreagracht ar gach múinteoir, bainisteoir scoile, ball Boird, iontaobhai agus riarthóir oideachais sa chóras cuidiú le páistí foghlaim faoin dóigh lena chéile a thuiscint agus nósanna agus traidisiúnta difriúla a chéile a thuiscint agus meas a léiriú orthu, agus páistí a ullmhú le maireachtáil go socair le chéile agus iad ina ndaoine fásta.

1987

Scéim Theagmhála Trasphobail

Sheol RO an Scéim Theagmhála Trasphobail a bhí ceaptha le scoileanna agus grúpaí óige a spreagadh le daoine óga de chúlraí difriúla pobail a thabhairt le chéile agus le forbairt caidrimh mhaithe trasphobail a chothú.

1987**1989**

Oideachas don Chomhthuiscint

Mar chuid den Ordú Athchóirithe Oideachais, cur chun cinn na tuisceana trasphobail sa churaclam scoile curtha ar bhonn foirmiúil nuair a tugadh isteach Oideachas don Chomhthuiscint agus Oidhreacht Chultúrtha mar théamaí.

1989**1999****1999**

Le chéile sa Chothromas, san Ilchineálacht agus san Idirspleáchas

Bunaíodh an tionschamh seo le: straitéis chomhtháite a fhorbairt do pháistí, d'obair óige agus d'oideachas don tsaoránacht in earnáil óige TÉ; agus le prionsabail idirghaolmhara an chothromais, na hIlchineálachta agus an idirspleáchais a neadú in éiteas, i bpolasaithe agus i gcláir na n-eagras san earnáil óige.

2013

Grúpa Comhairleach an Aire

Cheap an tAire Oideachais an grúpa seo agus eisíodh an tuarascáil neamhspleách s'aige i mí an Mhárta 2013. Bhí 20 moladh ann leis an oideachas comhroinnte a thabhairt ar aghaidh. Iarradh ar an Ghrúpa úsáid a bhaint as sainmhíniú ar leith ar an rud is oideachas comhroinnte ann, oideachas a eagraítear agus a sheachadtar sa dóigh:

- go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais foghlaimoírí de gach catagóir Alt 75 agus de gach stádas socheacnamaíoch agus go soláthraíonn sé oideachas le chéile;
- go mbaíneann sé le scoileanna agus soláthróirí eile oideachais d'úinéireachtaí difriúla, d'fhéiniúlachtaí agus d'éitís dhifriúla earnaíla, de chineálacha difriúla bainistíochta nó comhshocrúithe rialachais; agus
- go gcuireann sé buntáistí oideachasúla ar fáil d'fhoghlaimoírí, go gcuireann sé úsáid éifeachtach, éifeachtúil áiseanna chun cinn, agus go gcuireann sé comhionannas deiseanna, dea-chaidreamh, comhionannas féiniúlachta, meas don ilchineálacht agus comhtháthú pobail chun cinn.

AGUISÍN 1

2011

2013

2009

2009

Scoileanna don Todhchaí: Beartas um Scoileanna Inbhuanaithe

Chuir an beartas seo béim ar an ghá atá le deiseanna nua don chomhoibriú agus don chomhroinnt san oideachas. Lena chois sin, trí fheidhmiú an Chreat Teidlíochta agus trí phobail foghlama ceantair a chruthú, spreagann RO scoileanna leis an chomhoibriú a fhorbairt le baill dá bpobal foghlama lena chinntiú go mbíonn rochtain ag daoine óga ar réimse níos leithne, níos cothromaithe cúrsaí agus ar bhealaí atá gaolmhar lena riachtanais agus lena réimsí suime féin agus a fhéadfaidh cuidiú leo saol rathúil agus saol rathúil oibre a chaitheamh agus iad ina ndaoine fásta.

2011

Caidrimh Phobail, Comhionannas agus Ilchineálacht sa Bheartas Oideachais

I mí an Mheithimh 2008, thionscnaigh an tAire Oideachais athbheithniú ar bheartas Caidrimh Phobail RO. Ba é conclúid an athbheithnithe gur minic obair Chaidrimh Phobail ina gné bhreise seachas bheith ina chuid lárnach den churaclam. Seoladh beartas úr - Caidrimh Phobail, Comhionannas agus Ilchineálacht san Oideachas i mí an Mhárta 2011. Is é aidhm an bheartais an caidreamh idir phobail a fheabhsú trí pháistí agus daoine óga a theagasc le féinmheas agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt, leis an chomhionannas a chur chun cinn agus le hobair leis an leithcheal a scríosadh, agus trí dheiseanna foirmiúla agus neamhfoirmiúla oideachais a sholáthar dóibh, leis na háiseanna atá ar fáil, le caidrimh a chothú leo siúd a bhfuil húlraí agus traidisiúin dhifriúla acu.

2007

2007

Curaclam TÉ – Forbairt Phearsanta agus Comhthuisicint (FPC) agus Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

Le hOrdú Oideachais 2007, rinneadh riachtanas príomhshrutha den cheangal ar scoileanna forbairt daoine óga mar shaoránaigh ghníomhacha a chur chun cinn. Is iad príomhchuspóirí Curaclam TÉ an duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair, mar dhuine a chuireann leis an tsocail, agus mar dhuine a chuireann leis an gheilleagar agus leis an timpeallacht. Sa churaclam seo, tugadh isteach san earnáil bhunscolaíochta FPC agus tugadh Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda isteach san earnáil iar-bhunscolaíochta.

2005

Todhchaí Chomhroinnte

Rinneadh moltaí substainteacha faoin oideachas agus faoin dóigh ar chóir é a sheachadadh in Todhchaí Chomhroinnte: Creat Beartais agus Straitéise do Dhea-Chaidrimh i dTuaisceart Éireann.

2000

2000

An Clár um**Theorainneacha a Bhaint**

Baineann an Clár um Theorainneacha a Bhaint úsáid as TFC le naisc thraschultúrtha oideachasúla a éascú idir scoileanna i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.

2005

2006

2006

Athbheithniú Straitéiseach Neamhspleách ar an Oideachas

Sa tuarascáil ar Athbheithniú Straitéiseach Neamhspleách ar an Oideachas, Scoileanna don Todhchaí: Maoiniú, Straitéis agus Comhroinnt, pléadh úsáid áiseanna san oideachas, an gá le planáil straitéiseach níos fearr ar an eastát scoileanna, agus an gá le comhroinnt agus comhoibriú níos fearr.

AGUISÍN 2

Sainmhínithe/mínithe agus léirmhínithe reatha ar oideachas comhroinnte**Grúpa Comhairleach an Aire**


Is é seo a leanas an sainmhíniú a bhí ag Grúpa Comhairleach an Aire ina thuarascáil ar an oideachas comhroinnte i mí an Mhárta 2013.¹⁶

Is é atá i gceist leis an oideachas comhroinnte dhá scoil nó institiúid eile oideachais, nó níos mó, as earnálacha difriúla bheith ag comhoibriú lena chéile agus é d'aidhm acu buntáistí oideachais a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, úsáid éifeachtúil, éifeachtach áiseanna a chur chun cinn, agus comhionannas deiseanna, dea-chaidrimh, comhionannas féiniúlachta, meas ar an ilchineálacht agus comhtháthú pobal a chur chun cinn.

An Fóram Foghlama um Oideachas Comhroinnte

Fuair trí chlár eile maoiniú ón Chiste: Clár Comhroinnte an Oideachais, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Clár Oideachas Comhroinnte Iontaobhas Fhear Manach; agus Tionscadal Imeasctha/Saibhrithe an Bhunoideachais (PIEE), Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt. Tá na trí chomhpháirtí seo san Fhóram Foghlama um Oideachas Comhroinnte (SELF). Is é an rud is oideachas comhroinnte ann:

scoileanna as earnálacha difriúla a bheith ag obair le chéile i bpróiseas inbhuanaithe, bíodh dhá scoil nó níos mó i gceist a bhíonn ag baint úsáid as saoráidí sainiúla, amchláir chomhordaithe agus daltaí a bheith ag freastal ar ranganna i líonra scoileanna, nó eile. Is é fócas an Oideachais Chomhroinnte gníomhaíochtaí croíchuraclaim a sheachadadh ina mbíonn múinteoirí agus daltaí ag obair le chéile i scoileanna difriúla le heispéiris oideachasúla de cháilíocht níos airde a bhaint amach. Tá ceithre bhunchéim sa mhúnla seachadta.



*Aithnítear san oideachas comhroinnte go mbíonn caidrimh idirspleácha ag scoileanna lena chéile, agus cuirtear chun cinn comhoibriú dearfach a théann chun sochair do gach duine. Go bunúsach, baineann sé le hidirspleáchas a chruthú idir scoileanna agus cuid de na teorainneacha a bhaint – **ní** bhíonn féiniúlacht duine ar bith faoi bhagairt agus níltear ag iarraidh cros-síolrach Caitliceach/Protastúnach a chruthú.* ¹⁷

16 An tOideachas Comhroinnte a Chur Chun Cinn: Tuarascáil Ghrúpa Comhairleach an Aire, Márta 2013.

17 Tuarascáil ar Chomhdháil an Fhóram Foghlama um Oideachas Comhroinnte 2012, Ich 2

Bhí samhail *PIEE* bunaithe ar an smaoineamh an t-oideachas comhroinnte a bheith mar theagmháil rialta, inbhuanaithe idir daltaí agus múinteoirí as dhá scoil nó níos mó a mbaineann cineálacha difriúla bainistíochta leo, agus bhí múinteoir comhroinnte mar chuid den tionscadal seo. Tá achoimre ar thorthaí an taighde a choimisiúnaigh Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt le fáil thíos.

Buntáistí Oideachasúla	Buntáistí don tSochaí	Buntáistí Eacnamaíochta
- Feabhsú scoileanna/caighdeán a ardú - Tacaíocht chomhghleacúil - Malartú smaointe agus dea-chleachtais - Oiliúint agus forbairt ghairmiúil - Muinín, spreagadh agus meanma níos fearr ag an fhoireann	- Idirghníomhú níos fiúntaí ag daltaí - Teagmháil níos mó le tuismitheoirí - Tuiscint trasphobail níos fearr	- Comhroinnt áiseanna - Comhchumhacht cheannaigh - Comhroinnt foirne
Measúnacht ar Thionscadal Imeachta/Saibhríthe an Bhunoideachais. Tuarascáil Deiridh: Oidhreacht na Comhpháirtíochta. An Dr A Hunter, an Dr J Bates, an Dr A McCully agus an Dr U O'Connor-Bones (2012)		

Bhain tionscadal *PIEE* úsáid as an 'Ghrádán Comhoibrithe' thíos le cuidiú le scoileanna atá ag tosú ar phlé leis an chomhroinnt dul chun cinn maidir le forbairt an oideachais chomhroinnte a thuiscint.

Leibhéal 1: Bunteagmháil	Leibhéal 2: Comhoibriú	Leibhéal 3: Comhpháirtíocht	Leibhéal 4: Cónaidhm
Plé neamhfhoirmiúil between principals	Gníomhaíochtaí pleanáilte	Chomhthionscadal idir phríomhoidí	Joint project management group
Comhroinnt íseal-leibhéil áiseanna e.g. leabhair/spás	Cáipéisí/scéimeanna oibre	Comhcháipéisí/comhscéimeanna oibre	Comhphleanáil agus socrú spriocanna
Cumarsáid fhíorúil e.g. ríomhphost, ceamara gréasáin	Áiseanna comhroinnte – fisiciúil/airgeadas	Áiseanna comhroinnte – fisiciúil/airgeadas Comhroinnt foirne	Comhfhreagracht as na nithe a leanas a chur i bhfeidhm: - gníomhaíochtaí - comhfhoirniú - buiséad comhroinnte/sciar den bhuiséad - cuntasacht chomhroinnte
	Teagmháil duine ar dhuine idir na páistí agus na daoine fásta céanna ar feadh níos mó ná uair an chloig ag an am thar roinnt seachtainí in aghaidh na bliana	Teagmháil rialta, inbhuanaithe duine ar dhuine idir na páistí agus na daoine fásta céanna e.g. 6 seachtaine i ndiaidh a chéile ag gach foireann	Teagmháil rialta, inbhuanaithe idir na páistí agus na daoine fásta céanna i rith na scoilbhliana uile
Sliocht arna leasú as 'Working a Cluster', Sheelagh McGrogan, RTU 1997			

D'fhoilsigh Coimisinéir Thuaisceart Éireann do Pháistí agus Daoine Óga tuarascáil i mí Aibreáin 2013 ar an Oideachas Comhroinnte: tuairimí páistí agus daoine óga. Baineadh úsáid as an léaráid seo thíos leis an oideachas comhroinnte a mhíniú.




AGUISÍN 3

Léaráid 1: Túsphointí difriúla

Sa léaráid seo, taispeántar túsphointí difriúla na scoileanna/eagras a bhí in CCO agus an dóigh ar dhírigh siad ar cháilíocht na comhfhoghlama a choinneáil agus a thabhairt chun cinn.

Contanam cleachtais níos éifeachtaí a chur chun cinn



Léaráid 2: Feabhsú lánscoile

Sa léaráid seo, taispeántar an dóigh ar úsáid roinnt scoileanna a bpáirtíocht in CCO leis an oideachas comhroinnte a fhorbairt mar ghléas feabhsú lánscoile, nasctha le beartas RO d'fheabhsú scoileanna, 'Gach Scoil ina Scoil Mhaith'.



Léaráid 3: Cleachtas éifeachtach oideachais chomhroinnte a choinneáil ag dul

Sa léaráid seo, taispeántar an dá phríomhghné chun pleanáil faoi choinne cleachtas éifeachtach oideachais chomhroinnte agus lena choinneáil ag dul.

High-quality learning experiences

- Timpeallacht shábháilte foghlama ina bhfuil eiseamláirí le fáil den iontaobh, den chóimheas, den oscailteacht aigne, den ionbhá agus den uileghabhálacht
- Foghlaiméoirí
- Smaointeoireacht dhúshlánach
- Ceisteanna conspóideacha, íogaire a láimhseáil
- Deiseanna leis an fhoghlaim a neadú in eispéiris réalaiócha, ábhartha
- Straitéisí leis an choimhlint a bhainistiú Machnamh, athbhreithniú agus measúnacht

Féiniúlacht Aonair


Féiniúlacht aonair go príomha le deiseanna teoranta le bheith ag foghlaim le chéile

Féiniúlacht an Oideachais Chomhroinnte

Cultúr na foghlama le chéile atá neadaithe go maith i gcomhpháirtíochtaí inbhuanaithe/socruithe comhoibríocha

Eispéiris bhochta foghlama nach bhfuil i gceist leo ach cur i gcéill

- Neamhphleanáilte, fánach
- Srianata, teoranta, aonuaire
- Ró-stiúradh
- Coinnítear na foghlaiméoirí gnóthach seachas iad bheith i mbun próiseas foghlama



© CÓIPCHEART CROWN 2013

Is ceadmhach an tuarascáil iomlán seo nó cuid di a atáirgeadh, seachas ar chúiseanna tráchtála, réamheolaire agus fógraíochta, a fhad is a luaitear an fhoinsé agus dáta na foinsé.

Tá cóipeanna den tuarascáil seo le fáil ar shuíomh gréasáin COO: www.etini.gov.uk